An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2022
















# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach agus ó Chathaoirleach an Bhoird chuig Neale Richmond, Aire Stáit na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Gnó Miondíola | 4 |
| Giorrúcháin | 7 |
| Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 8 |
| Ráiteas Straitéise an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022-2024 | 9 |
| Bord agus Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 10 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 12 |
| Tuarascáil faoi réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 | 13 |
| Cur chun feidhme ár straitéise in 2022 | 14 |
| Príomhéachtaí: Clár Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde | 24 |
| Príomhéachtaí: Clár Ceimiceán | 30 |
| Príomhéachtaí: Clár Faireachais Margaidh | 34 |
| Príomhéachtaí: Clár Náisiúnta Creidiúnaithe | 37 |
| Príomhéachtaí: Clár Éifeachtachta Oibríochtúla | 40 |
| **Aguisín 1:** Sleachta ó Ráitis Airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 | 44 |
| **Aguisín 2: Imscrúduithe, fiosruithe agus ionchúisimh** | 69 |
| **Aguisín 3: Ionadaíocht AE agus idirnáisiúnta 2022** | 77 |
| **Aguisín 4:** Reachtaíocht agus treoir a tugadh chun críche in 2022 | 80 |
| **Aguisín 5:** Tuarascáil Bhliantúil 2022 chuig an Aire ar oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 | 81 |


Arna foilsiú i ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

© Gach ceart ar cosaint.

# Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach agus ó Chathaoirleach an Bhoird chuig Neale Richmond, Aire Stáit na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Gnó Miondíola

## A Aire,

Seo ár gcéad tuarascáil bhliantúil faoinár *Ráiteas Straitéise 2022-2024*. Thosaigh an timthriall trí bliana seo i lár tréimhse ina raibh athruithe suntasacha tar éis teacht ar ionaid oibre in Éirinn agus ár ngeilleagar agus sochaí ag teacht amach as an bpaindéim dhomhanda COVID-19.

Leag ár *gClár Oibre 2022* atá foilsithe amach raon leathan cuspóirí agus gníomhartha a bhí le cur i bhfeidhm de réir ár dtosaíochtaí agus sainorduithe dlíthiúla sa chéad bhliain dár dtimthriall straitéiseach. Ag baint tairbhe as gach a d'fhoghlaimíomar sa straitéis a bhí againn roimhe seo, phleanálamar ár gclár oibre agus dháileamar ár n-acmhainní chun go dtiocfaimis is go dtacóimis le cur chuige an Rialtais maidir le filleadh ar obair agus na modhanna oibre nua.

Chuireamar fáilte roimh an laghdú ar bhásanna a bhain le hobair, leis an líon is lú básanna ar taifead ó bunaíodh an tÚdarás in 1989. Ach ag an am céanna, tuigimid gur fágadh clanna, comhghleacaithe agus pobail croíbhriste mar gheall ar na 27 duine a fuair bás i dteagmhais a bhain le cúrsaí oibre in 2022.

I dtaca lenár ngníomhaíochtaí rialála, choinníomar ár n-aird ar na hearnálacha ardriosca, an fhoirgníocht, an talmhaíocht agus cúram sláinte agus sóisialta. Cuireadh 10,509 imscrúdú réamhghníomhach agus fhrithghníomhach i gcrích san iomlán ar fud na hearnálacha eacnamaíochta ar fad. Cuireadh 365 fiosrú i gcrích i ndiaidh tuarascálacha teagmhais agus gearáin a fuarthas. Cuireadh sé ionchúiseamh déag i gcrích, cúisíodh 12 ar dhíotáil agus cúisíodh 4 go hachomair, agus bhí fíneálacha arbh fhiú €1,268,250 san iomlán mar thoradh.

Seasann na hearnálacha foirgníochta agus feirmeoireachta beagnach do thrí cheathrú cuid de bhásanna a bhaineann le hobair. Taifeadadh 13 bás a bhain le feirmeoireacht sa bhliain 2022, fós ar an earnáil leis an líon is mó básanna.

Bhí laghdú le feiceáil ar líon na mbásanna san earnáil foirgníochta in 2022, bhí 7 mbás in 2022 i gcomparáid le deich mbás in 2021. In ainneoin an laghdaithe ar an uimhir seo in 2022, tá an tÚdarás fós féin an-eolach ar na rioscaí agus na contúirtí folaigh a bhaineann leis an earnáil tionsclaíochta seo. Leanfaimid orainn ag díriú isteach ar láithreáin bheaga agus ar chonraitheoirí beaga le deimhniú go mbaineann ardtosaíocht le sábháilteacht oibrithe i gcónaí.

Leanamar lenár dtacaíocht don Aire agus don Roinn maidir le tograí reachtaíochta agus treorach a fhorbairt. Chuireamar Cód Cleachtais nuashonraithe ar Shláinte agus Sábháilteacht a Bhainistiú in Oibríochtaí Foraoiseachta ar fáil do thoiliú an Aire a fháil chun foilsithe. Ar iarraidh ón Aire, chuireamar anailís roghanna i gcrích chun an cur chuige is fearr a aithint ar mhaithe le caighdeán aeir a fheabhsú san ionad oibre. Bunaithe ar thátal na hanailíse sin, d'ullmhaíomar Dréachtchód Cleachtais ar Chaighdeán Aeir faoi Dhíon a chuirfear faoi bhráid an Aire in 2023.

I gcaitheamh na bliana agus cúram an Údaráis Lárnaigh Inniúil orainn faoin Acht Ceimiceán, rinneadh obair shuntasach chun beartas ceimiceán an AE a mhúnlú faoin Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dtreo timpeallacht saor ó thocsainí. Chuireamar meastóireacht an AE ar shubstaint cheimiceach chun críche, d'fhaomh Coiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) dhá thogra sainchomhad aicmithe chomhchuibhithe dár gcuid, agus mar rapóirtéirí ar choistí an AE, chuireamar 5 thuairim eolaíocha i gcrích. Freagraíodh 308 iarraidh pleanála úsáide talún, agus mar fhreagairt ar thograí pleanála táirgthe hidrigine a tháinig chun cinn, d'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar treoir do phleanáil úsáide talún theicniúil do shuiteálacha hidrigine a thiocfaidh faoi raon feidhme Rialacháin an Rialaithe Guaiseacha Mórthionóiscí (COMAH).





Mar thoradh ar ár ngníomhaíochtaí faireachais margaidh do tháirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha, rinneadh measúnú ar 1,170 táirge ceimiceach agus ar 994 tuarascáil reachtúla imscrúdaithe d'innealra, ardáin agus brú-threalamh chomh maith le 327 táirge tionsclaíoch. Mar shaineolaithe teicniúla, chuireamar go gníomhach le hathbhreithniú an Choimisiúin ar Rialachán nua Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa ar Tháirgí Innealra. Baineadh 260 táirge ceimiceach neamhchomhlíontach de mhargadh na hÉireann mar thoradh ar ár gcuid gníomhaíochtaí. I ndiaidh cumarsáide ón Ionad Eolais Náisiúnta Nimheanna i dtaca le teagmhais nimhithe a bhain le hidirleatóirí giolcaí, chuamar i mbun feachtais dhírithe áit go bhfuaireamar leibhéal ard neamhchomhlíontachta maidir le táirgí le faisnéis nó lipéid ghuaise mhíchearta orthu. Baineadh na táirgí seo den mhargadh agus chuireamar soláthraithe táirgí agus tomhaltóirí ar an eolas.

Mar chuid dár sainordú creidiúnaithe, seoladh Straitéis Chreidiúnaithe i Mí an Bhealtaine. Le cur chun feidhme na straitéise seo, méadófar eolas ar bhuntáistí an chreidiúnaithe agus cuirfear le muinín i dtáirgí agus seirbhísí Éireannacha dá dheasca, ar fud an rialtais, tionscail agus tomhaltóirí. Chun tacú le cur chun feidhme na straitéise, thosaigh muid ag obair leis an Roinn ar bheartas Creidiúnaithe le deimhniú go mbainfear an úsáid is mó as, go ndéanfar é a fhorbairt agus go gcuirfear chun cinn é, a mhéid agus is féidir. I gcaitheamh na bliana, lean Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ag bronnadh creidiúnaithe nua agus ag athnuachan creidiúnuithe a bhí ann cheana chun tacaíocht a chur ar fáil do raon leathan gnólachtaí agus seirbhísí ar fud gheilleagar na hÉireann. Chuamar i dteagmháil le ranna Rialtais faoi chreidiúnú a thabhairt isteach i réimsí na cibearshlándála agus na cosanta sonraí.

Go hinmheánach, tháinig fás ar an Údarás agus chuir in oiriúint do mhodhanna nua oibre in 2022. Mar thoradh ar earcaíocht fhorleathan, mhéadaíomar líon ár mball foirne go mór, agus tá foirne níos iomláine againn anois ar fud an Údaráis, an rannóg nua Sláinte Ceirde san áireamh. Tá infheistíocht déanta againn maidir le hoiriúint agus tabhairt ar bord foirne nua, lena chinntiú go bhfuil a ndóthain oiliúna agus tacaíochta ag ár bpearsanra chun gach ceann dár sainorduithe a chomhlíonadh. Tá straitéisí forbartha againn i dtaca lenár gclár oibre phearsanra, cúrsaí cumarsáide, agus tá straitéis eile i dtaca leis an úsáid a bhaineann muid as sonraí á forbairt. Deimhneoidh na trí straitéis inmheánach seo, a dhíríonn ar dhaoine, cumarsáid agus sonraí, go mbeidh cur chuige fadtéarmach agus fiúntach againn agus sinn i mbun gníomhaíochtaí sna réimsí seo.

**27**
**beatha caillte i dteagmhais a bhain le hobair in 2022.**

**10,509**



Cuireadh **10,509 imscrúdú réamhghníomhach agus fhrithghníomhach** i gcrích san iomlán ar fud na hearnálacha eacnamaíochta ar fad

**365**



**Cuireadh 365 fiosrú** i gcrích i ndiaidh tuarascálacha teagmhais agus gearáin a fuarthas

Rinneadh athbhreithniú neamhspleách cuimsitheach ar ár dtimpeallacht Teicneolaíochta Faisnéise agus Chumarsáide le hais na gCaighdeán Bunlíne Cibearshlándála do Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide an Rialtais agus forbraíodh plean gnímh chun gabháil leis ag eascairt as na torthaí. Leanamar orainn ag dáileadh acmhainní suntasacha ar fhorbairt croí-ardáin nua chun cabhrú le gníomhaíochtaí rialála agus comhairleacha an Údaráis. Éascóidh an córas nua seo modhanna oibre atá níos éifeachtaí, bainistíocht cásanna ceann go ceann, pleanáil oibre atá níos fearr, taithí custaiméirí atá feabhsaithe, sonraí glana agus rochtain ar shonraí iomlána cruinne, agus léargais atá níos fearr. Cuireadh obair dheartha mhionsonraithe i gcrích, agus tá an córas á thógáil agus a thástáil i láthair na huaire le go seolfar an chéad chéim de in 2023.

Táim an-bhuíoch as foireann an Údaráis agus solúbthacht iontach á léiriú acu nuair a chuaigh siad in oiriúint do struchtúir nua agus modhanna oibre nua i gcaitheamh na bliana, agus lean siad orthu ag comhlíonadh a ndualgas go héifeachtach. Bhí tiomantas agus teacht aniar ag ár bhfoireann, rud atá de dhlúth agus d'inneach san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, mar fhreagra ar na dúshláin bhreise a bhain le 2022 i dtaca leis an bpaindéim agus lenár gclár claochlaithe féin araon.


Gabhaimid buíochas le Bord an Údaráis as a gcuid oibre le linn 2022, agus a dtiomantas dá fhís, agus saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a dheimhniú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire English as a thacaíocht don Údarás le linn 2022, agus táimid ag tnúth go mór le dul i mbun oibre leis an Aire Richmond, agus a chuid oifigeach sa Roinn, chun na cuspóirí atá leagtha amach inár *Ráiteas Straitéise 2022-2024* a bhaint amach sa dá bhliain atá romhainn.



**Mark Cullen**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach**





**Tom Coughlan**

**Cathaoirleach**







# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **CCSS** | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte |
| **IECB** | Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar |
| **RFC** | Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol |
| **ÚI** | Údarás Inniúil |
| **CARACAL** | Údarás Inniúil do REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) agus CLP (Aicmiú, Lipéadú, agus Pacáistiú) |
| **CIF** | Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta |
| **CLH** | Aicmiú comhchuibhithe agus lipéadú |
| **CLP** | Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán |
| **RMT** | Rialú Mórghuaiseacha Tionóiscí |
| **CC** | Cód Cleachtais |
| **RTBM** | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| **RFTF** | An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta |
| **ÚNA** | Údarás Náisiúnta Ainmnithe |
| **EA** | Comhar na hEorpa um Chreidiúnú |
| **ECHA** | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **CSIE** | Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **EU-OSHA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair |
| **FOI** | Saoráil Faisnéise |
| **CCCSF** | Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta |
| **DCS** | Dea-chleachtais Saotharlainne |
| **FSS (HSE)** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **ICSMS** | An Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh |
| **TFC** | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide |
| **IE** | Éire |
| **INAB** | Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú |
| **LEEF** | Fóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair |
| **PUT** | Pleanáil Úsáide Talún |
| **MoU** | Meabhrán Tuisceana |
| **NPIC** | Ionad Eolais um Nimheanna Náisiúnta |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **OELV** | Teorainnluacha Nochta Ceirde |
| **OPOFR** | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais |
| **OPCW** | Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha |
| **SSC** | Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde |
| **PIC** | Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré |
| **TCP** | Trealamh Cosanta Pearsanta |
| **CMR** | Coiste um Measúnú Riosca |
| **RAPEX** | Córas Mear-Rabhaidh an AE maidir le táirgí tomhaltais bhaolacha agus cosaint tomhaltóirí |
| **REACH** | Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán |
| **REF** | Fóram Forfheidhmithe REACH |
| **RIA** | Measúnú ar Thionchar Rialála |
| **RiME+** | Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca |
| **SACURIMA** | Cultúr Sábháilteachta agus Bainistíocht Riosca sa Talmhaíocht |
| **BSS** | Bileog Sonraí Sábháilteachta |
| **SEAC** | Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch |
| **SLIC** | Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair |
| **TAMS** | Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe |
| **THOR** | An Líonra Taighde Sláinte agus Ceirde |
| **TPED** | Treoir 2010/35/AE - brú-threalamh iniompartha |
| **RA** | An Ríocht Aontaithe |

# Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

**Áirítear le Sainordú an Údaráis na róil seo a leanas:**

> Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.

> Feabhsú ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.

> Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil is a chur chun cinn.

> Feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach.

> Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.







# Ráiteas Straitéise an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022-2024

**Cuireann Ráiteas Straitéise an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022 - 2024 cúig thosaíocht straitéiseach roimpi, faoi mar atá leagtha amach thíos:**



# Bord agus Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Is é an bord a chinneann treoir straitéiseach an Údaráis. Tá 12 comhalta ar an mBord: cathaoirleach agus 11 comhalta a cheap an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Ceapann an tAire comhaltaí atá ainmnithe ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara eile a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, ceimiceáin agus rialú faireachais margaidh, ar a n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Ceaptar comhaltaí den Bhord ar feadh téarma trí bliana ar acmhainn pháirtaimseartha. Is féidir go n-iarrfar ar chomhalta dhá théarma a dhéanamh.


| Comhalta Boird | Post | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu in 2022 |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | | |
| Tom Coughlan | Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae an Chláir (2009-2016) | 7 |
| **Ainmnithe na bhFostóirí** | | |
| Andrew Bowers | Stiúrthóir Feabhais Oibríochtúil, Córas Bainistithe Fiontair ag Baxter Healthcare Corporation | 6 |
| Frank Kelly | Stiúrthóir Foirgníochta, Walls Construction Teo | 7 |
| Paul Kelly | Stiúrthóir, Food Drink Ireland (FDI) | 7 |
| **Ainmnithe na bhFostaithe** | | |
| Deirdre MacDonald | Iaruachtarán ar Chumann na Meánmhúinteoirí Éire | 8 |
| David Hughes | Leas-Ard-Rúnaí, Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO) | 6 |
| Michelle Quinn | Eagraí Earnála, Earnáil Mhórdhíola, Mhiondíola, Dháilte, agus Ghaolmhar, SIPTU | 6 |
| **Ainmnithe an Aire** | | |
| Deirdre Cullivan | Sainchomhairleoir Acmhainní Daonna | 8 |
| Stephen Curran | Príomhoifigeach an Aonaid Bheartais um Shábháilteacht, Sláinte agus Ceimiceáin, an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta | 8 |
| Bríd De Buitléar | Ceannaire Oibríochtaí Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus Gnó | 8 |
| Mary Coyne | Comhalta de chuid Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (FCCA) | 6 |
| Ciarán Roche | Bainisteoir Riosca agus Bainisteoir Sábháilteachta an Chomhlachta, FBD Insurance | 8 |




Tuarascáil Bhliantúil **an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** 2022

## Bord an Údaráis

**Cathaoirleach**


Tom Coughlan

**Ainmnithe na bhFostóirí**


Andrew Bowers



Frank Kelly


Paul Kelly

**Ainmnithe na bhFostaithe**


Deirdre MacDonald


David Hughes


Michelle Quinn


**Ainmnithe an Aire**


Deirdre Cullivan


Stephen Curran


Bríd De Buitléar


Ciarán Roche


Mary Coyne

Déanann an Príomhfheidhmeannach, in éineacht le ceathrar leas-phríomhfheidhmeannach, cur i bhfeidhm na straitéise a bhainistiú i gcomhar le freagrachtaí agus polasaithe reachtúla an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord.

Amhail an 31 Nollaig 2022, d'fhostaigh an tÚdarás 232 ball foirne buan, lena n-áirítear cigirí, speisialtóirí teicniúla agus proifisiúnta, oifigigh chreidiúnaithe, riarthóirí agus foireann chléireachais.


## Feidhmeannas an Údaráis

**An Príomhfheidhmeannach**


An Dr Sharon McGuinness


Mark Cullen

**Na Leas-Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin**


Yvonne Mullooly


An Dr Kevin De Barra


An Dr Adrienne Duff

Ba í an Dr Sharon McGuiness Príomhfheidhmeannach an Údaráis go dtí an 28 Meán Fómhair 2022. Ceapadh Mark Cullen i ról an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh ón 1 Samhain 2022.

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is coiste de chuid Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Tá 12 comhalta ag Bord an INAB, a dhéanann cinntí i dtaca le creidiúnú a bhronnadh, agus is é bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a cheapann na comhaltaí sin.

| Comhalta boird | Post | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu in 2022 |
|---|---|---|
| **Ita Kinahan Cathaoirleach** | Iarcheimiceoir an Stáit, ar scor, Saotharlann an Stáit, | 7 |
| **An Dr Adrienne Duff** | Bainisteoir INAB; Comhalta boird ex-officio | 8 |
| **Cecilie Laake** | Ardstiúrthóir Creidiúnaithe na hIorua | 7 |
| **Raymond Ellard** | Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 4 (ar scor ó mhí Iúil 2022) |
| **Jim O'Toole** | Príomhfheidhmeannach, Bord Bia | 7 |
| **An Dr Caitríona Fisher** | Stiúrthóir Cáilíochta, Gnóthaí Eolaíochta agus Cumarsáide, an tÚdarás Rialála Táirge Sláinte | 4 (ar scor ó mhí Iúil 2022) |
| **An Dr Micheál Lehane** | Stiúrthóir na hOifige Cosanta Radaíochta agus Monatóireachta Comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 6 |
| **John O'Loughlin** | Bainisteoir Saotharlainne, Ospidéal an Rotunda | 6 |
| **An Dr David Graham** | Príomhfheidhmeannach, Sláinte Ainmhithe Éireann | 5 |
| **Denise Barry** | Stiúrthóir Straitéise, Feidhmiúcháin agus Claochlaithe, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 6 (tháinig isteach Mí Aibreáin 2022) |
| **Paul Scallan** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás Slándála Príobháidí | 4 (tháinig isteach Mí Aibreáin 2022) |
| **Gail Carroll** | Stiúrthóir Gnóthaí Rialála agus Neartaithe Comhlíontachta, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 3 (tháinig isteach Mí Mheán Fómhair 2022) |
| **Rita Purcell** | Leas-Phríomhfheidhmeannach, an tÚdarás Rialála Táirge Sláinte | 2 (tháinig isteach Mí Mheán Fómhair 2022) |





# Tuarascáil faoi réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, forordaítear gurb é Príomhfheidhmeannach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta faighteoir na nochtaí cosanta i dtaca le gach ábhar a bhaineann le reachtaíocht arna forfheidhmiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus le creidiúnú saotharlann, comhlachtaí deimhnithe agus comhlachtaí imscrúdaithe, a thagann trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú atá laistigh den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Is féidir le hoibrithe ábhartha nochtaí inmheánacha i dtaca leis an Údarás a dhéanamh chomh maith, mar a mhínítear leis an Acht.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a leagann amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic leo. Ní mór foilseachán na sonraí sa tuarascáil a sholáthar ar bhealach a chosnaíonn céannacht na nochtóirí.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022, fuair Príomhfheidhmeannach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoi Acht Um Nochtadh Cosanta 2014, dhá nochtadh cosanta dhéag (12) ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe. Astu seo, rinneadh aon nochtadh cosanta dhéag (11) go díreach agus aistríodh ceann amháin (1) ó dhuine forordaithe eile. Rinneadh na nochtaí ar fad a threorú chuig cigirí de chuid an Údaráis ina dhiaidh sin lena n-imscrúdú. Tá sé (6) cinn de na nochtaí a fuarthas in 2022 dúnta anois, agus tá sé (6) cinn fós á n-imscrúdú. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach.

Cuireann an tábla thíos miondealú ar fáil faoi na Nochtaí Cosanta a fuarthas in 2022, an líon imscrúduithe a osclaíodh mar thoradh ar na Nochtaí Cosanta agus stádas agus torthaí na n-imscrúduithe atá tagtha chun críche.

| Nochtaí Cosanta a fuarthas in 2022 | Uimhir |
|---|---|
| Tuairiscí a rinneadh go díreach leis an Údarás | 11 |
| Tuairiscí a tarchuireadh chuig an Údarás ó Dhuine Forordaithe eile nó ó Choimisinéir na Nochtaí Cosanta | 1 |
| Imscrúduithe a d'oscail an tÚdarás de bhun tuairiscí a fuarthas in 2022 | 12 |
| Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás de bhun tuairiscí a fuarthas in 2022 | 6 |
| Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás in 2022 de bhun tuairiscí a fuarthas roimh 2022 | 8 |

Mar thoradh ar imscrúduithe agus imeachtaí a thosaigh an tÚdarás de bhun tuairiscí a fuarthas in 2022 is a tugadh chun críche in 2022, rinneadh deich (10) n-ordú forghníomhaithe agus ina measc bhí ocht (8) dtuarascáil iniúchta, fógra toirmisc amháin (1), agus dhá fhógra feabhsúcháin (2).

Bhí ocht (8) imscrúdú, a osclaíodh de bhun nochtaí cosanta a fuarthas in 2021 nó i mblianta roimhe seo, fós ag dul ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2021, agus tugadh na hocht (8) gcinn ar fad chun críche le linn 2022.

## Tosaíocht straitéiseach

# Rialáil

Le reachtaíocht riosca-bhunaithe, imscrúdú, faireachas agus forfheidhmiú a úsáid, cuirfimid béim níos láidre ar chomhlíontacht



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022

### Imscrúdú agus iniúchadh

Rinne an tÚdarás breis is 11,000 imscrúdú agus iniúchadh ar fud gach earnáil eacnamaíochta agus gach sainordaithe reachtaigh.

Rinneadh 10,509 imscrúdú réamhghníomhach agus fhrithghníomhach ar na hearnálacha ar fad le béim ar leith ar earnáil na Foirgníochta, na Talmhaíochta, an Chúraim Sláinte agus Shóisialta, ar na hearnáil Iompair agus Miondíola agus Mianach agus Cairéil. Rinneadh 284 seiceáil comhlíontachta COVID-19 le linn an chéad cheathrú den bhliain nuair a bhí srianta sláinte poiblí i bhfeidhm.

As na básanna a fiosraíodh in 2022, measadh go raibh 27 mar thoradh ar thionóisc mharfach a bhí bainteach leis an obair, agus cinneadh nár bhain leis an obair 35 eile acu. Bhí roinnt imscrúduithe báis fós ar siúl ag deireadh 2022.*

### Feidhmeanna Údaráis Inniúil agus Údaráis Náisiúnta Ainmnithe

Chomhlíon an tÚdarás a chúraim Údaráis Inniúil (UI) agus a chúraim Údaráis Náisiúnta Ainmnithe (UNA) (beartas agus imscrúdú) i dtaca le reachtaíocht cheimiceán agus faireachais margaidh an AE.

Rinneadh 1,110 imscrúdú a dhírigh ar ghníomhaíochtaí ar leagadh reachtaíocht síos dóibh faoi réir na nAchtanna Ceimiceán agus reachtaíocht um iompar earraí contúirteacha. Sa mhullach ar imscrúduithe reachtúla, fógraí agus measúnuithe ar thuarascálacha sábháilteachta a rinneadh faoi reachtaíocht COMAH (Rialú Mórghuaiseacha Tionóiscí), próiseáladh breis is 300 iarratas ar chomhairle pleanála úsáide talún teicniúla.

Chríochnaigh an tÚdarás a mheastóireacht ar 4-meitiolanasól in 2022. D'ullmhaíomar togra aicmithe agus lipéadaithe comhchuibhithe (CLH) amháin, agus d'aontaigh Coiste Measúnaithe Riosca (CMR) an ECHA leis an 2 thogra CLH Éireannach a aighníodh don EHCA in 2021. Chuir an tÚdarás tuarascáil Anailíse ar Rogha Bainistithe Priacail do shubstaint amháin agus grúpa amháin substaintí i gcrích agus lean sé air ag comhoibriú le líon áirithe Ballstát eile chun meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le rialú uile-Eorpach ar shubstaintí íograithe craicinn i meascáin do thomhaltóirí.

As na 302 imscrúdú REACH agus CLP a tugadh chun críche, críochnaíodh 6 iniúchadh mhionsonraithe ar fhaisnéis i slabhra an tsoláthair in éineacht le hiompórtálaithe, foirmlitheoirí agus dáileoirí. Chuaigh an tÚdarás i ngleic chomh maith le 42 tarchuir forfheidhmithe cláraithe i dtaca le cláruithe Éireannacha (IE) ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA).

### Faireachas margaidh

Rinneadh measúnú ar 1,170 táirge ceimiceach agus ar 994 tuarascáil reachtúla imscrúdaithe d'innealra, ardáin agus brú-threalamh in éineacht le 327 táirge tionsclaíoch. Baineadh 260 táirge ceimiceach neamhchomhlíontach de mhargadh na hÉireann. Bhí feachtais ar leith dírithe ar idirleatóirí giolcaí, TCP, innealra i gcomhlachtaí ceantála agus comhlachtaí fruilithe innealra.

### Tacaíocht don Aire agus don RFTF

Bhí cumarsáid agus comhoibriú forleathan idir an tÚdarás agus an Roinn in 2022, is chuir an tÚdarás freagraí, faisnéis agus comhairle ar fáil mar fhreagra ar bhreis is 450 iarraidh i gcaitheamh na bliana.

I ndiaidh iarratas ón Roinn, d'ullmhaigh an tÚdarás anailís roghanna chun cosaintí caighdeáin aeir faoi dhíon a fheabhsú d'oibrithe. Bunaithe ar an anailís seo, dréachtaíodh Cód Cleachtais ar Chaighdeán Aeir faoi Dhíon le faomhadh ag an Aire in 2023.

Chuir an tÚdarás saineolas teicniúil agus tacaíocht ar fáil don Roinn i dtaca le forbairt reachtaíochta ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta. I measc na dtopaicí a ndeachthas i ngleic leo in 2022, bhí; an Rialachán nua ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa ar Tháirgí Innealra, iarratas maolaithe a aighniú faoin Treoir um Ardaitheoirí, reachtaíocht náisiúnta a nuashonrú chun athruithe ar reachtaíocht an AE a léiriú i dtaca le hiompar sábháilte earraí de bhóthar, agus leasuithe ar reachtaíocht náisiúnta faoi réir an Achta Ceimiceán. Cuireadh comhairle ar fáil chomh maith faoin togra Eorpach chun an Treoir um chosaint oibrithe ó nochtadh d'aispeist a leasú. Rinneadh athbhreithniú mion ar na nuashonruithe atá molta d'earnáil na gcairéal is cuireadh moltaí ar aghaidh chuig an Roinn.

*Is féidir na huimhreacha a luadh thuas a athrú nuair a thiocfaidh na himscrúduithe leanúnacha chun críche.

## Tosaíocht straitéiseach

# Cur Chun Cinn

Cuirfimid tacaíocht, oideachas agus eolas ar fáil chun teagmhais, gortuithe agus drochshláinte a chosc



**8,000**

Maidir le teagmháil lenár n-uirlisí tacaíochta ar líne, bhí breis is 8,000 clárú nua ar BeSMART.ie.





### Tacaíocht d'fhiontair agus d'fhostaithe

Bhíomar i dteagmháil le grúpaí ionadaíochta d'fhostóirí, amhail Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME), Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhlachas na nGnólachtaí Beaga (SFA) chun faisnéis a roinnt leo faoi fhoilseacháin nua, BeSMART.ie, agus ár dtacaíochtaí oideachais d'fhostóirí agus fostaithe.

Lean an tÚdarás air ag tacú le ról na nIonadaithe Sábháilteachta san ionad oibre agus á chur chun cinn. Chuireamar tús le hathbhreithniú agus nuashonrú ar an Leabhrán Acmhainní d'Ionadaithe Sábháilteachta, sa mhullach ar fhaisnéis fógraíochta agus tacaíochtaí a chuirimid ar fáil ar ár suíomh idirlín.

Maidir le teagmháil lenár n-uirlisí tacaíochta ar líne, bhí breis is 8,000 clárú nua ar BeSMART. ie. Chruthaigh úsáideoirí breis is 8,775 ráiteas sábháilteachta gnó agus measúnachtaí riosca bunaithe ar an gcineál gnó a bhí acu féin. D'fhorbraíomar feidhmiúlacht a chuirfeadh ar chumas úsáideoirí cineálacha nua saincheaptha gnó a fhorbairt le guais comhtháite iontu. D'fhorbraíomar sraith d'fhíseáin 'Conas BeSMART. ie a úsáid', chun úsáideoirí deiridh a threorú tríd an bpróiseas.

Chuireamar tacaíocht ar fáil d'fhiontair maidir lena gceisteanna ceimiceacha. D'fhreagair ár ndeasc chabhrach REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán) do bhreis is 400 ceist. Mhúsclaíomar feasacht i dtaca leis na contúirtí a bhaineann le hidirleatóirí giolcaí úraithe aeir le táirgeoirí, iompórtálaithe agus le tomhaltóirí ar stáisiúin Raidió Náisiúnta.

Chuireamar seimineáir ghréasáin i láthair ag tús 2022 faoi na Treoirlínte Pleanála Úsáide Talún Teicniúla do phleanálaithe agus oibreoirí chun cabhrú leo a thuiscint cá gcuirfidh siad agus conas a chuirfidh siad na treoirlínte teicniúla i bhfeidhm.

Tógadh breis is 30,000 cúrsa ar líne ar ár n-ardán foghlama, hsalearning.ie.

### Sláinte Cheirde

Lean an tÚdarás air lena ghníomhartha chun an tsláinte cheirde a chur chun cinn agus ag múscailt feasachta mar gheall uirthi.

Phléigh doiciméid nua treorach scrúduithe éisteachta agus closmhéadracht, foréigean agus ionsaitheacht san ionad oibre, agus úsáid gníomhaithe bitheolaíochta i saotharlanna. Rinneadh obair i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun treoir a ullmhú d'fhostóirí i dtaca le nochtadh d'ábhair íogaire, iad siúd atá ag obair i modhnóireacht inneachair go háirithe. Eagraíodh roinnt seimineár ar bhainistíocht riosca eirgeanamaíoch chun tacú le feachtas 'Laghdaigh an tUalach' EU-OSHA 2020-2022, agus bhí tuilleadh seimineár ar infheidhmeacht phraiticiúil na n-uirlisí measúnaithe riosca eirgeanamaíoch.

D'oibríomar i gcomhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile chun rannpháirtíocht ar thopaicí comhroinnte a chur chun cinn. Mar shampla, chuireamar saineolas ábhair ar fáil do Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse de chuid an FSS chun clár ríomhfhoghlama ar líne a fhorbairt d'oibrithe cúraim sláinte agus cúraim shóisialta faoi charcanaiginí ceirde. Chuamar i gcomhpháirtíocht leis an GCC ag an bhFóram Náisiúnta Radóin chun Léarscáil Radóin nua agus nuashonraithe d'oibrithe agus d'obair a sheoladh.

### Oibrithe agus obair a bheidh ann amach anseo

Chuir an tÚdarás tús le gníomhaíochta scanta ionchais a dhíríonn ar thrí mhórthopaic - an geilleagar poistíneachta, poist ghlasa agus an geilleagar glas agus na himpleachtaí atá ag digitiú do shláinte agus sábháilteacht. Déanfaidh obair bhreise plé ar chur chun feidhme tacaíochtaí agus acmhainní d'oibrithe leochaileacha in earnálacha éagsúla, oibrithe agus obair a bheidh ann amach anseo san áireamh.

Tháinig fás ar an teagmháil le hoibrithe a bheidh ann amach anseo, nuair a bhí an líon is mór rannpháirtithe riamh sa chlár Roghnaigh Sábháilteacht; ghlac breis is 20,000 mac léinn iar-bhunscoile agus 400 scoil páirt sa chlár.

## Tosaíocht straitéiseach

# Tionchar

Rachaimid i mbun comhpháirtíochta agus comhoibre chun ár sainorduithe a chur chun feidhme agus chun ár bhfís a bhaint amach



Lean an tÚdarás air ag tacú agus ag déanamh teagmhála le páirtithe leasmhara tríd an gCoiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta, is chuamar i dteagmháil le fostóirí agus fostaithe leasmhara in earnálacha eile.





### Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Lean an tÚdarás air ag tacú agus ag déanamh teagmhála le páirtithe leasmhara tríd an gCoiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta, is chuamar i dteagmháil le fostóirí agus fostaithe leasmhara in earnálacha eile.

### Ionchur Beartais an AE

Lean an tÚdarás air ag bualadh agus ag tacú le páirtithe leasmhara a raibh leasanna acu i bpróiseas Ceimiceán an AE faoin Acht Ceimiceán, go háirithe i bhfianaise an athbhreithnithe ar Rialacháin REACH agus CLP. D'fhreagair ár ndeasc chabhrach REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán) breis is 400 fiosrúchán.

Imríodh an-tionchar ar mhúnlú an bheartais nua ceimiceán ag leibhéal an AE, ós rud é gur sinne an tÚdarás Lárnach Inniúil in Éirinn faoin Acht Ceimiceán. Rinneamar ionadaíocht ar Éirinn i ngrúpaí oibre teicniúla an Choimisiúin d'athbhreithniú ar Iarscríbhinní Rialacháin Aicmithe, Lipéadaithe agus Pacáistithe an AE. Chuireamar le comhairliúcháin agus ceardlanna chun Rialachán REACH a athchóiriú, rud atá an Coimisiún ag iarraidh a fhoilsiú in 2023.

I ndiaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hInnealra, chabhraíomar le hathbhreithniú an Choimisiúin ar Rialacháin Innealra nua don AE sa ról atá againn mar shaineolaithe teicniúla, is bainfidh na rialacháin sin céimeanna deireanacha an chomhaontaithe agus an fhoilsithe amach in 2023.

Chabhraigh an tÚdarás le beartas sábháilteachta agus sláinte ceirde ag leibhéal an AE trí pháirt a ghlacadh i meithleacha faoin gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte, lena n-áirítear; nuashonrú ar an Treoir maidir le hIonaid Oibre agus an Treoir maidir le Scáileáin Taispeána, athbhreithniú ar ullmhacht i gcás éigeandála ag leibhéal an EU agus nuashonrú ar Sceideal Eorpach na nGalar Ceirde.

Rinneadh an tÚdarás ionadaíocht ar Éirinn ar iliomad coistí AE agus coistí idirnáisiúnta le linn 2022 - féach Aguisín 3 maidir le sonraí na gcoistí ar freastalaíodh orthu i réimse na sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán, faireachais margaidh agus creidiúnaithe.



## Tosaíocht straitéiseach

# Creidiúnú

### Cuirfimid straitéis chreidiúnaithe chun feidhme







Sheol INAB straitéis chreidiúnaithe cúig bliana 2022 - 2026 i Mí an Bhealtaine 2022. Leagann an straitéis amach conas mar a bhainfidh Éire gach buntáiste as an gcreidiúnú agus conas mar a imreoidh sé tionchar dearfach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Aithníonn sé an ról a imreoidh creidiúnú i dtaca le tacaíocht a chur ar fáil don Rialtas, d'fhiontar, rialaitheoirí agus tomhaltóirí.

Ullmhaíodh tuarascáil in 2022 chun achoimre a dhéanamh ar an obair a baineadh amach agus déanann sí mionsonrú ar chur chun feidhme leanúnach na straitéise sa dá mhí dhéag atá amach romhainn. Tá an straitéis dírithe ar na ceithre mhórthosaíocht seo a leanas:

- Eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus tionchar a imirt air
- Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn
- Glacadh agus cur chun feidhme an chreidiúnaithe a chur chun cinn
- Acmhainn agus infreastruchtúr a chur ar fáil

Tá plean tionscadail arna fhorbairt agus tá i bhfeidhm. Déantar monatóireacht agus nuashonrú air go rialta chun dul chun cinn na straitéise a léiriú.





## Tosaíocht straitéiseach

# Ár modh oibre

Le daoine, próisis, teicneolaíocht agus nuálaíocht, bímid de shíor ag feabhsú agus ag athrú ár modha oibre





Tá creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm atá i gcomhréir le dea-chleachtas. Deimhníonn sé seo go bhfuil struchtúir, beartais, agus próisis i bhfeidhm chun feidhmeanna reachtúla na heagraíochta a chomhlíonadh, agus ag an am céanna deimhníonn sé go bhfuil gach riosca á bhainistiú go héifeachtach agus ceadaíonn sé measúnú oibiachtúil ar fheidhmiú bainistíochta agus corparáideach.

Cuireadh clár bainistíochta forbartha agus athraithe eagraíochta i ngníomh chun struchtúr a dhearadh is a chur i bhfeidhm atá oiriúnach dá chuspóir. Freastalóidh sé ar riachtanais agus cuspóirí straitéiseacha an Údaráis, i bhfianaise na gcúinsí athraitheacha agus na timpeallachta luainí ina n-oibríonn sé.

Tá mórthionscadal athraithe gnó agus TCF ar bun. Mar chuid de seo, táthar chun croí-ardán nua inmheánach a dhearadh agus a fhorbairt chun bainistíocht a dhéanamh ar gach gníomhaíocht a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, ceimiceáin agus faireachas margaidh, agus chun réiteach comhtháite a chur ar fáil chun seirbhísí agus feidhmeanna digiteacha a sholáthar d'úsáideoirí seachtracha. Cuireadh tús le forbairt ar straitéis sonraí chun fís shoiléir a leagan amach do bhainistíocht sonraí san eagraíocht. Tá sé mar aidhm aici seo chun cur chuige comhordaithe a dheimhniú do bhailiú sonraí, glanadh agus aistriú sonraí agus seasmhacht cáilíochta sonraí agus táthar ag súil go mbeidh foinse fianaise aonair ann mar thoradh a bheidh cuimsitheach agus iontaofa is a dhéanfaidh eolas do chinnteoireacht amach anseo.







# Príomhéachtaí: Clár Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde

**Rialáil** | **Cur Chun Cinn** | **Tionchar**

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Clár idirghabhála a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear 7,500 imscrúdú sna hearnálacha foirgníochta, cúraim sláinte agus shóisialta, talmhaíochta, iompair agus stórála, chomh maith le hearnálacha ardriosca eile le béim ar leith ar: ghníomhaithe bitheolaíochta, fisiceacha agus ceimiceacha, foréigean síceasóisialta agus eirgeanamaíocht, obair ar airde, sábháilteacht bheostoic, sábháilteacht innealra, foréigean agus ionsaitheacht, ardaitheoirí paisinéirí, oibríochtaí iompair san ionad oibre, ceapacháin Ionadaithe Sábháilteachta, Feitheoirí Tionscadal do Chéim an Phróisis Deartha agus Céim na Tógála, agus oibrithe leochaileacha agus oibrithe imirceacha** | Rinne an tÚdarás 8,815 imscrúdú réamhghníomhach san iomlán a chuaigh i ngleic le fadhbanna SSC.<br><br>D'aimsigh ár gcigirí go raibh ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 77% d'ionaid oibre agus go raibh na measúnachtaí riosca sábháilteachta agus sláinte riachtanacha san áireamh le 71% de na ráitis sin. In 54% de chásanna, cheangail an cigire ar an sealbhóir dualgais tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an ráiteas.<br><br>Tugadh feachtas imscrúdaithe ar dhugaí agus ar chalafoirt chun críche i Mí Feabhra 2022, is bhí 43 imscrúdú in 8 limistéar calafoirt sa tír trí chéile mar chuid de. Thug cigirí feabhsuithe faoi deara i dtaca le comharthaíocht, bacainní fisiciúla agus infreastruchtúr chun coisithe a chosaint ar thrácht feithiclí chomh maith le húsáid fheabhsaithe á baint as TCP Sofheicthe Ghrád 3 i gcodarsnacht le feachtais a ritheadh roimhe seo in 2019 agus 2021. Is iad na fadhbanna is mó a tugadh faoi deara is a ndeachthas i ngleic leo le linn imscrúduithe i bhfeachtas 2022, ná easpa cur chun feidhme córas bainistíochta sábháilteachta agus tráchta ar an láthair chomh maith le leithscaradh míshásúil idir coisithe agus gluaiseachtaí feithiclí nó gníomhaíochtaí luchtaithe feithiclí. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara roimh an bhfeachtas chun a n-ábhair bhuartha a aithint, agus cuireadh torthaí an fheachtais ar a súile dóibh a luaithe is a críochnaíodh an feachtas.<br><br>Rinneadh feachtas imscrúdaithe sábháilteachta tógála i Mí Dheireadh Fómhair agus i Mí na Samhna 2022. Dhírigh an feachtas a aird ar obair ar airde. Rinneadh breis is 500 imscrúdú agus d'eisigh cigirí breis is 430 forfheidhmiú scríofa le linn an fheachtais. Bhain breis is 50% de na forfheidhmithe scríofa a eisíodh le linn an fheachtais le fadhbanna a d'eascair as obair ar airde, scafalra agus díonadóireacht go príomha. Cuireadh achoimre de thorthaí an fheachtais in iúl do Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta.<br><br>Rinneadh dhá fheachtas sábháilteachta cairéil. Reáchtáladh an chéad cheann i gcomhpháirtíocht le Cónaidhm Choincréite na hÉireann i Mí an Mhárta agus dhírigh sé ar shábháilteacht innealra. Rinneadh 65 imscrúdú san iomlán, agus bhain na príomhthorthaí le gardáil agus seiceálacha ar threalamh sábháilteachta ar bhonn tréimhsiúil. |





| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| | Cuireadh torthaí na bhfeachtas in iúl do phríomhpháirtithe leasmhara. Reáchtáladh an dara feachtas i Mí Dheireadh Fómhair is dhírigh sé ar shábháilteacht feithiclí agus coisithe i ndiaidh feachtas eile den chineál céanna a reáchtáladh in 2021. Rinneadh 128 imscrúdú agus bhain na príomhthorthaí le pleananna bainistíochta tráchta agus le bearta chun feithiclí a leithscaradh ó choisithe, cosúil le torthaí 2021.<br><br>Lean an tÚdarás air ag leagan béime ar an earnáil cúraim sláinte agus shóisialta agus an riosca a bhain le nochtadh ceirde do COVID-19. Rinneadh imscrúduithe ar raon leathan suíomh, ospidéil, tithe altranais, cúram cónaithe, cúram práinne réamh-ospidéil, agus seirbhísí pobail san áireamh. Dhírigh imscrúduithe ar bhainistíocht sábháilteachta, cosaint fostaithe ar riosca nochta ceirde do COVID-19 agus ar mhórghuaiseacha, foréigean agus ionsaitheacht a bhaineann le hobair, agus láimhsiú othar agus láimhsiú sábháilte san áireamh. Bhí 510 imscrúdú réamhghníomhach agus fhrithghníomhach i gcúram sláinte agus sóisialta. San áireamh orthu seo, bhí 98 imscrúdú mar fhreagairt ar ghearáin agus teagmhais thromchúiseacha. Cuireadh breis is 16,000 modúl a bhaineann le cúram sláinte chun críche ar HSAlearning.ie agus chuir breis is 400 gnó cúraim sláinte measúnuithe riosca chun críche agus d'íoslódáil siad ráiteas sábháilteachta ó BeSMART.ie.<br><br>Rinneadh breis is 800 imscrúdú ar raon topaicí sláinte agus sláinteachais, lena n-áirítear:<br>• 363 imscrúdú a chuaigh i ngleic le gníomhaithe ceimiceacha, ceimiceáin a gineadh ó phróisis san áireamh. Chuaigh feachtas imscrúduithe i ngleic le déchlóraimeatán (DCM) in athchóiriú roth cóimhiotail<br>• 59 imscrúdú a chuaigh i ngleic le guaiseacha gníomhaithe bitheolaíochta<br>• 154 imscrúdú gníomhaithe fisiceacha a chuaigh i ngleic le torann agus radón agus,<br>• 162 imscrúdú a bhain le foréigean agus ionsaitheacht shíceasóisialta (bulaíocht).<br><br>Bhí breis is 700 imscrúdú ann a chuaigh i ngleic le fadhbanna eirgeanamaíochta. Bhí an tÚdarás rannpháirteach i bhfeachtas Choiste Cigireachta Saothair Sinsearach an AE 2022 a dhírigh ar bhainistíocht riosca láimhsithe san earnáil cúraim sláinte agus shóisialta agus san earnáil bia agus deochanna aighníodh tuarascáil don Choiste SLIC.<br><br>Phróiseáil an tÚdarás 379 fógra aispeiste agus 13 fógra gníomhaí bitheolaíochta.<br><br>Cuireadh ceithre fheachtas i gcrích i gcúrsaí talmhaíochta agus sceidealaíodh iad chun feasacht a mhúscailt faoi rioscaí sonracha ar fheirmeacha, amhail: bainistíocht rioscaí a bhaineann le láimhsiú sábháilte beostoic le linn breithe lao, úsáid shábháilte tarracóirí agus innealra le linn shéasúr an tsadhlais, rioscaí a bhaineann le hobair ar airde, agus sláinte agus folláine feirmeoirí. |

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Gach teagmhas marfach a thuairiscítear don Údarás a fhiosrú** | Fiosraíodh gach teagmhas marfach a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. |
| **Naisc straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí ionadaíochta fostaithe agus comhlachtaí ionadaíochta oibrithe imirceacha chun sábháilteacht agus sláinte cheirde a chur chun cinn i measc oibrithe imirceacha** | Tá teagmháil tosaigh déanta le hIonad Chearta na nImirceach in Éirinn, a dhírigh ar an réimse tuairiscithe tinnis agus timpistí d'oibrithe imirceacha atá ag obair i monarchana próiseála feola agus san earnáil garraíodóireachta. |
| **Páirt a ghlacadh in athbhreithniú an AE ar an Treoir maidir le hIonaid Oibre agus an Treoir maidir le Scáileáin Taispeána, agus tograí a fhorbairt do theorannacha nua nochta ceirde do luaidhe agus aispeist** | Chuir an tÚdarás saineolas eirgeanamaíoch ar fáil mar chuid den phróiseas comhairliúchán d'athbhreithniú an AE ar an Treoir maidir le Trealamh Scáileán Taispeána agus an Treoir maidir le hIonaid Oibre.<br><br>Chuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn maidir le tograí nua do luaidhe (Pb) agus aispeist. Airítear orthu seo ionchuir le Measúnachtaí Tionchair agus athbhreithniú ar thogra reachtacha aispeiste ó Choimisiún an AE chun teorainnluacha nochta ceirde níos ísle a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go bhfoilseofar leasú ar an Treoir maidir le hAispeist ag an Obair ar ball in 2023. |
| **Acmhainní digiteacha ar líne a fhorbairt faoi shábháilteacht ar fheirmeacha do dhaltaí iar-bhunscoile** | Forbraíodh acmhainn dhigiteach ar líne a phléann sábháilteacht ar fheirmeacha le daltaí iar-bhunscoile in éineacht le hacmhainní teagaisc chun tacú le gníomhaíochtaí ranga. |
| **Trí chúrsa nua hsalearning.ie ar líne a fhorbairt** | Forbraíodh ceithre chúrsa ghairide ar shláinte agus sábháilteachta d'oibrithe Úcránacha.<br><br>Forbraíodh réamhchúrsa gairid darb ainm 'Riosca Síceasóisialta agus strus a bhaineann le hobair", in éineacht le leathanach lamairne go gach cúrsa faoin téama síceasóisialta.<br><br>Forbraíodh cúrsa nua darbh ainm 'Bainistiú sábháilteachta, sláinte agus folláine ar scoil' a bhí dírithe ar bhainistíocht scoile agus ar fhoirne i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.<br><br>Cuireadh an clár Roghnaigh Sábháilteacht ar fáil do bhreis is 400 iar-bhunscoil agus breis is 20,000 dalta iontu. Leathadh an clár amach do 140 institiúid eile (institiúidí Breisoideachais san áireamh) agus breis is 4,000 dalta iontu. Ba é seo an líon is mó riamh de rannpháirtithe iar-bhunscoile.<br><br>Ar hsalearning.ie, tógadh breis is 28,000 cúrsa ar ábhar na sábháilteachta agus na sláinte ceirde sa suíomh cúram sláinte. |





| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Raon leathan de mhodhanna cumarsáide ábhartha a úsáid chun príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde** | In earnáil na foirgníochta, lean an tÚdarás air ag déanamh dul chun cinn leis na páirtithe leasmhara le hobair Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht sa Tógáil. Is iad na príomhspriocanna insoláthartha a bhí san áireamh:<br><br>• Forbraíodh leaganacha caighdeánaithe de Mheasúnachtaí Riosca agus Ráitis Mhodha agus doiciméid treorach a ghabhann leo don earnáil foirgníochta agus d'fhaomh an coiste iad. Seoladh é seo ag Cruinniú Mullaigh Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta í Mí na Bealtaine.<br><br>• Forbraíodh bileoga eolais faoi dheannach silice ar mhaithe le fostaithe is foilsíodh ar líne iad. Músclaíonn an doiciméad seo feasacht faoi ghuaiseacha agus bearta oiriúnacha rialaithe d'imeachtaí inar féidir deannach silice a dhéanamh.<br><br>• Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar na dualgais atá ar chliaint mar atá leagtha amach sna Rialacháin Foirgníochta 2013. Cuireann na ceanglais reachtacha Éireannacha atá ann faoi láthair de dhualgas ar chliaint Feitheoir Tionscadail don Phróiseas Deartha agus Feitheoir Tionscadail do Chéim na Tógála a cheapadh i scríbhinn. Cuireann an ceanglas reachtach seo ualach suntasach rialála ar an-chuid tionscadal tógála mionscála agus ní gá go mbeidh feabhsuithe suntasacha ar chaighdeáin sábháilteachta ar láithreáin mar thoradh. Tá leasuithe ar Rialacháin Tógála á meas chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.<br><br>• Chabhraigh an tÚdarás agus ionadaithe tionscail le SOLAS chun cúrsa Pas Sábháilte ar líne a fhorbairt chun freastal ar riachtanais fostaithe agus fostóirí. Tá tástáil bheo á déanamh ar an leagan ar líne i láthair na huaire agus tá sé i gceist go seolfar é roimh dheireadh 2023.<br><br>• Reáchtáladh seimineáir ghréasáin agus seisiúin rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara ar théama na sláinte agus na sábháilteachta san earnáil foirgníochta, rannpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla san áireamh.<br><br>I gcúrsaí talmhaíochta, bhain an tÚdarás úsáid as raon leathan modhanna cumarsáide ábhartha chun príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas, lena n-áirítear:<br><br>• Cuireadh mórfheachtais múscailte feasachta i bhfeidhm ar raon leathan meán. In éineacht leis na feachtais fógraíochta seo agus na preaseisiúintí rialta, bhí ceithre fheachtas imscrúdaithe ar siúl agus thug balleagraíochtaí de chuid Choiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht ar an bhFeirm (FSPAC) tacaíocht dóibh, rud a chruthaigh clúdach meán suntasach ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil.<br><br>• Chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus balleagraíochtaí FSPAC eile sábháilteacht ar an bhfeirm chun cinn ag roinnt ócáidí móra, lena n-áirítear Seó (Beostoic) Thulach Mór, An Comórtas Treabhdóireachta Domhanda, Teagasc Caorach 2022 i mBaile Átha an Rí, Mairteoil 2022 ar an nGráinseach agus roinnt ócáidí áitiúla eile a raibh ardáin shuntasacha sábháilteachta ar an bhfeirm acu chomh maith le láithreacha do thaispeántais bheo. Chuir na hardáin sábháilteachta ag Seo Thulach Mór agus ag an gComórtas Treabhdóireachta Domhanda béim láidir ar na ceanglais nua dlí maidir le hoiliúint a fháil agus clogaid a chaitheamh chun feithiclí uileraoin a thiomáint. |

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| | • Thacaigh an tÚdarás agus FSPAC le Seachtain na Sábháilteachta ar an bhFeirm. Feachtas comhoibríoch is ea í seo a chuir an Fhondúireacht um Shábháilteacht ar an bhFeirm (Yellow Wellies) sa RA ar bun agus a bhfuil Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) i gceannas air in Éirinn. Tugann sí eagraíochtaí feirmeoireachta ó Éirinn, Tuaisceart Éireann, Albain, an Bhreatain Bheag, agus Sasana le chéile chun topaic na sábháilteachta ar an bhfeirm a phlé.<br><br>Bhí an tÚdarás i dteagmháil le grúpaí ionadaíochta d'fhostóirí, amhail ISME, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhlachas na nGnólachtaí Beaga (SFA) chun faisnéis a roinnt leo faoi fhoilseacháin nua, BeSMART.ie, agus ár dtacaíochtaí oideachais d'fhostóirí agus fostaithe.<br><br>Chuireamar tacaíocht ar fáil d'fheachtas bliantúil na hOibre Sláintiúla arna reáchtáil ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte, le sraith de sheimineáir ghréasán ar mheasúnacht riosca agus ar úsáid BeSMART.ie.<br><br>Bhí breis is 8,000 clárú nua ar BeSMART.ie. Chruthaigh úsáideoirí breis is 8,775 ráiteas sábháilteachta gnó agus measúnachtaí riosca bunaithe ar an gcineál gnó a bhí acu féin. Forbraíodh feidhmiúlacht a chuirfeadh ar chumas úsáideoirí cineálacha nua saincheaptha gnó a fhorbairt le guais comhtháite iontu. Forbraíodh sraith d'fhíseáin 'Conas BeSMART.ie a úsáid', chun úsáideoirí deiridh a threorú tríd an bpróiseas.<br><br>Tógadh breis is 30,000 cúrsa ar líne ar ár n-ardán foghlama, hsalearning.ie. |
| **Feachtas feasachta a dhéanamh chun tuairisciú básanna, teagmhas agus tinneas ceirde a chur chun cinn** | Nuashonraíodh an rannóg ábhartha de shuíomh idirlín an Údaráis le go mbeadh sé níos éasca ar chustaiméirí na riachtanais a bhaineann le tuairisciú teagmhas a thuiscint. Chomh maith leis sin, reáchtáladh feachtas feasachta a dhírigh ar thuairisciú teagmhas ar ardán na meán sóisialta le linn R4 is rinne sé breis is 180,000 taispeáint. |
| **Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhairle agus treoir shláinte agus shábháilteachta do mhonarchana próiseála feola** | Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar shonraí a bhaineann le tuairisciú agus le himscrúdú san earnáil in 2022. Rinneadh athbhreithniú chomh maith ar an treoir atá ann faoi láthair don earnáil. Déanfaidh torthaí an athbhreithnithe eolas do theagmhálacha leis an earnáil in 2023, is cabhróidh siad linn díriú isteach ar ábhair imní agus chun caighdeáin a ardú. |
| **Cód cleachtais a ullmhú do Thrucailí Ardaithe Tionsclaíocha** | Rinneadh dréachtchód cleachtais ar Thrucailí Ardaithe Tionsclaíocha agus táthar ag súil go bhfaomhfar is go bhfoilseofar é in 2023. |





| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Treoir a fhoilsiú ar:**<br><br>• **Fhógraí aispeiste agus riachtanais athháitithe**<br>• **Riachtanais faireachais sláinte**<br>• **Trealamh Cosanta Pearsanta Sofheicthe**<br>• **Úsáid shábháilte sábh slabhracha**<br>• **Comhairle ghinearálta ar shláinte agus sábháilteachta d'oibrithe imirceacha**<br><br>**Obair eile a foilsíodh mar chuid den chlár sláinte ceirde** | Tá an treoir a foilsíodh in 2022 liostáilte in Aguisín 4.<br><br>Rinneadh obair shuntasach freisin chun doiciméid treorach a fhorbairt, a fhoilseofar in 2023 ar na hábhair seo a leanas:<br><br>• Saotharlanna a úsáideann gníomhaithe bitheolaíochta<br>• Scrúduithe éisteachta agus closmhéadracht<br>• Comhairle do Mhodhnóirí Inneachair ar líne, le béim ar ghuaiseacha síceasóisialta<br>• Moil chianoibre<br>• Socraithe oibre solúbtha agus d'obair ón mbaile<br>• Feirmeoirí mar chliaint i dtionscadail foirgníochta<br><br>Eagraíodh trí sheimineár ar bhainistiú riosca eirgeanamaíochta chun tacú le feachtas EU-OSHA 'Laghdaigh an tUalach' 2020-2022. Chuir dhá sheimineár gréasáin eirgeanamaíochta treoir ar fáil faoi infheidhmeacht uirlisí measúnuithe do riosca eirgeanamaíochta. Foilsíodh staidéar nua a thaispeánann na réitigh phraiticiúla a chuir soláthraí glasraí agus torthaí i bhfeidhm ina (h)ionad oibre chun dul i ngleic le riosca eirgeanamaíochta.<br><br>Chuir an tÚdarás saineolas ábhair ar fáil do Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse de chuid an FSS chun clár ríomhfhoghlama ar líne a fhorbairt d'oibrithe cúraim sláinte agus cúraim shóisialta faoi charcanaiginí ceirde a sheolfar go luath in 2023. D'oibrigh an tÚdarás leis an NCCP ar a bhfeachtas Sunsmart agus ar thacaíochtaí d'oibrithe lasmuigh.<br><br>Foilsíodh Dréachtchód Cleachtais ar chaighdeán aeir faoi dhíon ar mhaithe le comhairliúchán leis an bpobal i R4. Foilsíodh leathanach idirlín nua ar aeráil.<br><br>Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil don RFTF ar threoracha nua ó Choimisiúin an AE ar aispeist, carcanaiginí, agus teorainnluachanna nochta ceirde.<br><br>Chuaigh an tÚdarás i gcomhpháirtíocht leis an GCC ag an bhFóram Náisiúnta Radóin chun Léarscáil Radóin nua agus nuashonraithe d'ionaid oibre a sheoladh.<br><br>Leanamar orainn ag tacú le bailiú sonraí faoi thinneas ceirde tríd An Líonra Taighde Sláinte agus Saothair (THOR) i bPoblacht na hÉireann (ROI). Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 2022 ar ár leathanaigh idirlín Sláinte san Ionad Oibre. |

# Príomhéachtaí: Clár Ceimiceán

| Rialáil | Cur Chun Cinn | Tionchar |
|---|---|---|

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **800 imscrúdú a dhéanamh a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí ceimiceacha ardriosca a bhfuil baol níos mó ann go nochtfar daoine do cheimiceáin chun rialú substaintí guaiseacha, ceimiceán próisis, ceimiceán le linn iompair, táirgthe agus úsáide san ionad oibre a dheimhniú** | Rinneadh **1110 imscrúdú** a dhírigh ar ghníomhaíochtaí ar leagadh reachtaíocht síos dóibh **faoi réir na nAchtanna Ceimiceán agus reachtaíocht um iompar earraí contúirteacha.** |
| **Tosaíocht a thabhairt d'imscrúduithe ar láithreáin cheimiceacha ardriosca (COMAH agus FO-COMAH mar shampla)** | In **COMAH** (Rialú Mórghuaiseacha Tionóiscí), rinneadh imscrúduithe ar 83 láithreán sonrach Shraith I agus Shraith II agus rinneadh 207 imscrúdú eile ar shuímh a stórálann substaintí contúirteacha atá faoi bhun thairseach COMAH. Rinneadh naoi measúnú ar thuarascálacha sábháilteachta. Próiseáladh 308 iarraidh ar chomhairle pleanála faoi úsáid talún. |
| **Iarshaothar a chríochnú ar thimpistí tromchúiseacha a tuairiscíodh, ar ghearáin agus tarchuir ECHA** | As na 302 imscrúdú **REACH agus CLP** a tugadh chun críche, críochnaíodh 6 iniúchadh mhionsonraithe REACH agus CLPar fhaisnéis i slabhra an tsoláthair in éineacht le hiompórtálaithe, foirmlitheoirí agus dáileoirí. Chuaigh an tÚdarás i ngleic chomh maith le 42 tarchuir forfheidhmithe cláraithe i dtaca le cláruithe Éireannacha (IE) ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA). |





| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Páirt a ghlacadh i sainghrúpaí an AE maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus ar Rialacháin Aicmithe, Lipéadaithe agus Pacáistithe (CLP)** | Lean an tÚdarás air ag glacadh páirte i gceardlanna an Choimisiúin agus ag ionchur le suirbhéanna an Choimisiúin agus le comhairliúcháin leis an bpobal maidir le REACH agus CLP a leasú mar mheicníochtaí chun ***Straitéis Ceimiceán an AE le haghaidh na hInbhuanaitheachta*** a chur chun feidhme. Dhírigh ionchuir ar na coincheapa seo a leanas: substaint amháin - measúnú amháin; fachtóirí measúnaithe meascán, úsáid leibhéal neamhéifeachta díorthaithe (DNELnna) do shubstaintí neamhthairsí, measúnacht riosca cineálach agus coincheap na "húsáide riachtanaí" a imreoidh tionchair ar an leasú ar bhainistíocht riosca REACH, sineirgí idir cosaint oibrithe agus REACH, agus sábháilteacht agus inbhuanaitheacht ó dhearadh agus ó fhorfheidhmiú.<br><br>Bhí rannpháirtíocht ghníomhach ag an Údarás i gcomhráite faoi Ghníomh Tarmligthe molta atá chun aicmí nua guaiseacha a thabhairt isteach i Rialacháin CLP agus chuir an tÚdarás go mór leis na comhráite sin. |
| **Meastóireacht substainte ceimicí a dhéanamh ar mheitiolanasól agus é a chur ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile de phróiseas meastóireachta an AE** | Chríochnaigh an tÚdarás a mheastóireacht ar 4-meitiolanasól (substaint Phlean Gníomhaíochta Fhorásaigh Pobail (CoRAP) 2021) agus d'aighnigh sé dréachtchinneadh don ECHA. Cuireadh deireadh leis an bpróiseas cinnteoireachta i ndiaidh do na cláraithe éirí as an gceimiceán a tháirgeadh ar fháil an dréachtchinnidh dóibh agus d'aighnigh an tÚdarás doiciméad cinnidh chríochnaithigh don ECHA. |
| **Sé thuairim eolaíochtaí a ullmhú do Choiste Measúnachta Riosca Eolaíoch agus Coistí Socheacnamaíocha an ECHA ar úsáid na substaintí seo a leanas ar údar mór imní iad - trí-ocsaíd chróimiam, 4-treas-OPnEO, agus 4-treasNPnEO** | Lean an tÚdarás air ag tacú le saineolaithe Éireannacha a ndualgais a chomhlíonadh i leith a mballraíochta sa CMR agus SEAC.<br><br>Chríochnaigh an saineolaí Éireannach ar an **gCoiste um Measúnú Riosca (CMR)** trí thuairim ina ról mar rapóirtéir d'iarratais ar údarú agus ceapadh an saineolaí ina rapóirtéir ar dhá thogra srianta agus dhá iarratas ar údarú. Chríochnaigh an saineolaí Éireannach ar an **gCoiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC)** dhá thuairim ina ról mar rapóirtéir d'iarratais ar údarú agus ceapadh an saineolaí ina rapóirtéir ar thrí iarratas ar údarú. |

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Na chéad chéimeanna eile a chríochnú de phróiseas aicmithe agus lipéadaithe comhchuibhithe (CLH) an ECHA do dhá thogra aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe (sárocsaíd débheansóile, 7-ocsáidéchioglai[4.1.0] heipt-3-ilmeitil 7-ocsáidéchioglai[4.1.0] heaptán-3-carbocsaláit) agus, togra nua CLH amháin a ullmhú agus a aighniú do phróiseas CLH an ECHA** | D'ullmhaigh an tÚdarás togra aicmithe agus lipéadaithe comhchuibhithe (CLH) amháin le haighniú don ECHA go luath in 2023. In 2022, chomhaontaigh Coiste um Measúnú Riosca an ECHA leis an 2 thogra CLH Éireannach a aighníodh don ECHA in 2021. |
| **Tuarascálacha anailíse ar rogha bainistithe priacail ar dhá ghrúpa substainte a aighniú** | Chuir an tÚdarás Tuarascáil Anailíse ar Rogha Bainistithe Priacail do shubstaint amháin agus grúpa amháin substaintí i gcrích agus lean sé air ag comhoibriú le líon áirithe Ballstát eile chun meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le rialú uile-Eorpach ar shubstaintí íograithe craicinn i meascáin do thomhaltóirí. |
| **Saineolas a chur ar fáil chun tionscadail forfheidhmithe Uile-Eorpaigh a fhorbairt ar chomhlíontacht bileog sonraí sábháilteachta agus ar aicmiú meascán** | Chuir an tÚdarás saineolaí ar fáil chun páirt a ghlacadh i Meitheal Fhóram ECHA don Tionscadal Forfheidhmithe Comhordaithe REACH-EN-FORCE-11. Tá forbairt lámhleabhair forfheidhmithe mar chuid d'ionchuir 2022. Cuirfear tús le céim oibríochtúil an tionscadail sa bhliain 2023. |





| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Imeachtaí oiliúna a óstáil d'údaráis phleanála agus oibreoirí eagras COMAH chun cabhrú leo úsáid a bhaint as an gComhairle Pleanála Úsáide Talún Teicniúla foilsithe ó 2021 agus chun léarscáileanna leictreonacha nua a chur ar fáil d'údaráis áitiúla de na hachair chomhairliúcháin phleanála d'úsáid talún d'eagrais COMAH agus chun an suíomh idirlín léarscáilithe timpeallachta (enviromap.ie) a chur ar fáil chomh maith** | Reáchtáil an tÚdarás dhá sheimineár gréasáin - ceann amháin d'údaráis phleanála agus ceann eile d'oibreoirí eagras COMAH chun cabhrú leo úsáid a bhaint as an gComhairle Pleanála Úsáide Talún Teicniúla fhoilsithe.<br><br>Cuireadh léarscáileanna leictreonacha nua ar fáil d'údaráis áitiúla de na hachair chomhairliúcháin phleanála úsáide talún d'eagrais COMAH chomh maith leis an suíomh idirlín léarscáilithe timpeallachta (enviromap.ie). |
| **Le foilsiú: cásanna staidéir chun tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí atá ag déanamh measúnachta riosca ar ghníomhaí ceimiceach, treoir ar conas measúnacht riosca a chur i gcrích do thurais ar dhrioglanna agus ar láithreáin táirgthe biotáille inólta, agus treoir d'ionaid sonraí ar bhainistiú stórála breosla faoi bhun thairseacha COMAH** | Forbraíodh roinnt measúnachtaí ceimiceán chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna coitianta. Cuirtear comhairle ar fáil faoi conas measúnachtaí riosca a fheabhsú i bhfoirm fógraí sodhealaithe idirghníomhacha. Bainfear úsáid as an leagan amach nua seo chun tuilleadh samplaí de chásanna staidéir de mheasúnachtaí riosca gníomhaithe ceimiceacha a fhorbairt.<br><br>Mar fhreagairt ar an méadú ar an leibhéal gníomhaíochta san earnáil fuinnimh, cuireadh nuashonruithe ar Threoir Phleanála PUTT (Pleanáil Úsáide Talún Theicniúil) ar fáil do shuiteálacha hidrigine. Cuireadh tús le hobair ar threoir a fhorbairt ar mheasúnachtaí riosca do thurais phoiblí ar dhrioglanna agus ar láithreáin táirgthe biotáille inólta agus d'ionaid sonraí ar bhainistiú stórála breosla faoi bhun thairseacha COMAH. |

# Príomhéachtaí:
# Clár Faireachais Margaidh

**Rialáil** | **Cur Chun Cinn** | **Tionchar**

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Táirgí neamhchomhlíontachta a sheiceáil atá ag imirt tionchair ar an margadh Éireannach, ar tugadh fógra don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um tháirgí neamhbhia (Safety Gate) nó don Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) fúthu** | Phróiseáil an tÚdarás 98 EU rabhadh RAPEX a bhain le ceimiceáin shrianta le déanamh amach ar cuireadh iad ar an margadh Éireannach. I ndiaidh seiceálacha fiosrúcháin, aimsíodh nach raibh os cionn 90% de na táirgí a ndearnadh measúnú orthu ar an margadh Éireannach. As na rabhaidh eile, aithníodh na soláthraithe agus chuathas i dteagmháil leo chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh.<br><br>Rinneadh seiceáil ar 67 rabhadh RAPEX san iomlán a bhain le táirgí tionsclaíocha (28 do TCP san áireamh) le déanamh amach ar cuireadh na táirgí ar an margadh Éireannach. I ndiaidh seiceálacha fiosrúcháin, aimsíodh nach raibh 88% de na táirgí ar tugadh fógraí fúthu le fáil ar an margadh Éireannach. I gcás na dtáirgí eile, aithníodh na soláthraithe agus chuathas i dteagmháil leo agus ordaíodh dóibh táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh.<br><br>Rinneadh monatóireacht ar an gCóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) i gcaitheamh na bliana. Rinneadh bearta leantacha i gcás táirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh ar an margadh Éireannach. |
| **Díriú ar iompórtálaithe ceimiceán, agus iompórtálaithe agus dáileoirí ceimiceán** | De dheasca neamhchomhlíontachtaí le ceanglais lipéadaithe agus pacáistithe faoi Rialachán CLP (CE) Uimh.1272/2008 ar Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán, baineadh 260 cineál táirge cheimicigh den mhargadh. Ba mar gheall go raibh substaintí srianta nó substaintí a bhí faoi réir údarú mar a rialaítear faoi Rialachán REACH iontu a rinneadh é sin. |
| **Díriú ar dháileoirí agus iompórtálaithe TCP** | Rinneadh imscrúduithe ar raon dáileoirí agus soláthraithe TCP. Aimsíodh go rabhthas ag cloí go ginearálta leis an reachtaíocht, agus rinneadh bearta leantacha nuair a aimsíodh cásanna neamhchomhlíontachta. |



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Comhlachtaí ceantála agus comhlachtaí fruilithe innealra a sheiceáil atá ag cur innealra tógála agus ardaithe neamhchomhlíontacha ar an margadh** | Rinneadh imscrúduithe ar raon comhlachtaí ceantála agus comhlachtaí fruilithe innealra. Aimsíodh go rabhthas ag cloí go ginearálta leis an reachtaíocht, agus rinneadh bearta leantacha nuair a aimsíodh cásanna neamhchomhlíontachta.<br><br>Rinneadh 994 tuarascáil reachtúla san iomlán ar imscrúduithe ar innealra, brú-threalamh agus ardaitheoirí mar a cheanglaítear faoi I.R. Uimh. 229/2007 - na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Astu seo, theastaigh beart leantach leis an sealbhóir dualgais i gcás 18%. |
| **Measúnú a dhéanamh ar 1,200 táirge ceimiceach agus 450 táirge tionsclaíoch atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó úsáid tomhaltóirí, chun a dheimhniú go gcomhlíonann siad ceanglais an AE** | Rinneadh measúnaithe ar 1170 táirge ceimiceach agus 327 táirge tionsclaíoch le deimhniú gur chomhlíon siad rialacháin faireachais margaidh. Baineadh táirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh den mhargadh.<br><br>Go ginearálta, chonacthas comhlíontacht i dtaca le táirgí tionsclaíocha, is theastaigh bearta leantacha i 10% de na cásanna.<br><br>Rinneadh an tÚdarás imscrúdú ar 71 táirge idirleatóra giolcaí chun a gcomhlíontacht le Rialacháin REACH agus CLP a chinneadh. Bhí na rátaí neamhchomhlíontachta ard (87%). Baineadh den mhargadh táirgí le lipéadú guaise a bhí mícheart nó ar iarraidh agus táirgí ina raibh substaint srianta. |
| **Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do ghnólachtaí atá ag iompórtáil táirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha ón mBreatain Mhór chun freastal ar cheanglais rialála an AE** | Tá dáileoirí ceimiceán fós ag déileáil leis na mórdhúshláin chéanna. D'fhreagair Deasc Chabhrach Ceimiceán an Údaráis na fiosrúcháin. |
| **Cur le comhráite Comhchuibhithe Theicniúil an AE ar na Rialacháin Innealra Nua** | Chuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn ar an athbhreithniú ar Threoir maidir le hinnealra an AE (is é sin le rá, Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 um innealra, agus um leasú ar Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle). |

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Feachtas feasachta a dhéanamh i dtaca le tionscal na bpáirteanna agus na ngiuirléidí mótarfheithicle (NACE 4531 agus 4532) a iompórtálann ceimiceáin ó lasmuigh den AE agus a ndualgais i dtaca le faisnéis úsáide sábháilte a chur ar fáil** | Rinneadh feachtas feasachta i dtaca le tionscal na bpáirteanna agus na ngiuirléidí mótarfheithicle a iompórtálann ceimiceáin ó lasmuigh den AE agus a ndualgais i dtaca le faisnéis úsáide sábháilte a chur ar fáil. Cuireadh eolas ar fáil ar shuíomh idirlín an Údaráis maidir le conas is féidir le hoibrí nó tomhaltóir lipéad guaise táirge agus an bhileog sonraí sábháilteachta a úsáid chun na guaiseacha a bhaineann le táirgí ó mhórdhíoltóirí mótair a oibriú amach agus conas is féidir a leithéid de tháirge a láimhsiú, a úsáid, a stóráil agus a dhiúscairt go sábháilte.<br><br>Leagann an suíomh idirlín amach na dualgais atá orthu seo atá freagrach as na táirgí sin a chur ar an margadh Éireannach. Cuireadh an t-eolas sin chun cinn ar ár suíomh idirlín, ar ár meáin shóisialta, ar líonraí páirtithe leasmhara, ar ríomhfheasacháin agus i gcomhpháirt le Cumann Thionscal Mótar na hÉireann. |
| **Ballstáit eile a chur ar an eolas (tríd an gcóras ICSMS) faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh ar an margadh Éireannach is atá ag imirt tionchair ar mhargaí an AE** | Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú ar ICSMS agus Rapex chun cabhrú le measúnuithe agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh i gcaitheamh na bliana. Uaslódáladh sonraí ar 117 táirge ceimiceach don ICSMS chun Ballstáit eile a chur ar an eolas faoi tháirgí comhlíontacha agus neamhchomhlíontacha a aimsíodh ar an margadh Éireannach is atá ag imirt tionchair ar mhargaí an AE. |
| **Sealbhóirí dualgais a sheiceáil faoin tionscadal forfheidhmithe Uile-Eorpach nua de chuid REACH ar shubstaintí in earraí agus ar shrianta** | Ghlac an tÚdarás páirt i dTionscadal Forfheidhmithe Uile-Eorpach Nua de chuid REACH ar rialuithe comhtháite ceimiceán i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC). San iomlán, rinne an tÚdarás seiceáil ar chomhlíontacht 220 táirge tomhaltóirí a cuireadh ar an margadh Éireannach, seodra agus gliúnna san áireamh, le déanamh amach an raibh aon cheimiceán ardriosca iontu de réir raon feidhme Rialacháin REACH. Baineadh táirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh den mhargadh ar líne ina dhiaidh sin.<br><br>Cuireadh tuairisciú tionscadail FÓRAIM ECHA ar Údarú REACH i gcrích in 2022. |
| **Faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí ar úsáid shábháilte ceimiceán** | Trí phreaseisiúint a roinnt ar ár meáin shóisialta i dtaca le torthaí feachtais forfheidhmithe ar idirleatóirí giolcaí guaiseacha a bhí ar fáil ar an margadh Éireannach, chuir an tÚdarás faisnéis ar fáil do thomhaltóirí ar úsáid shábháilte ceimiceán. Ghlac urlabhraí páirt in agallaimh raidió chun béim a chur ar an leibhéal ard neamhchomhlíontachta a bhain le táirgí agus spreag sé tomhaltóirí chun oideachas a chur orthu féin maidir le ceannach táirgí agus threoraigh siad iad chuig suíomh idirlín an Údaráis mar a bhfuil treoir ar fáil. |





# Príomhéachtaí: Clár Náisiúnta Creidiúnaithe

**Creidiúnú** | **Cur Chun Cinn** | **Tionchar**

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Mar chuid dár gclár creidiúnaithe leanúnach:** | |
| **An clár creidiúnaithe a choinneáil do chliaint reatha agus do chliaint iarrthacha** | Lean an INAB air ag cur creidiúnú ar fáil i gcoimhréir le sraith caighdeán ábhartha (ISO) 17000 Eagraíochta Idirnáisiúnta na gCaighdeán. Bhuail an Bord um Chreidiúnú le chéile ocht n-uaire in 2022 is bhronn siad 17 creidiúnú. Rinne bainisteoir INAB 321 cinneadh eile ar chreidiúnú. |
| **Iarratais nua ar chreidiúnú ó chliaint reatha a phróiseáil go héifeachtach** | Ag deireadh Mí na Nollag bhí 23 iarratas nua idir lámha. Bronnadh 77 síneadh ar scóip ar chliaint reatha. |
| **Cláir nua gníomhaíochta creidiúnaithe a thabhairt isteach** | Lean INAB air ag obair i bpáirt le Ranna Rialtais atá freagrach as creidiúnú i réimsí na cibearshlándála agus na cosanta sonraí. |
| | Eisíodh dhá nuachtlitir chun faisnéis a chur ar fáil faoi fhorbairtí in INAB agus i gcreidiúnú.<br><br>Reáchtáladh Fóram Meastóirí INAB i Mí Feabhra chun cumarsáid agus rannpháirtíocht a mhéadú agus chun nuashonruithe teicniúla a chur ar fáil do mheastóirí.<br><br>I measc na gcur i láthair a tugadh, bhí cur i láthair ar mhíochaine saotharlainne cliniciúla do mhic léinn MSc i Míochaine Saotharlainne Cliniciúla ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Rinneadh seimineár gréasáin poiblí ar bhithbhaincéireacht (EN ISO 20387) d'eagraíochtaí a chuir an caighdeán sin i bhfeidhm nó a bhfuil sé i gceist acu cur isteach ar an gcreidiúnú, a dhírigh isteach ar conas is féidir leis an gcaighdeán cabhrú le forbairt bithbhaincéireachta in Éirinn.<br><br>I Mí Aibreáin, sheol INAB leathanach LinkedIn chun cumarsáid agus idirghníomhaíocht a dhéanamh le cliaint go díreach, chun comhroinnt eolais a fheabhsú agus chun líonraí a chur ag fás. D'úsáid INAB ardáin meán sóisialta an Údaráis chun creidiúnuithe nua, foilseacháin agus scéalta faoi chreidiúnú a fhógairt.<br><br>Chuir INAB roinnt cásanna staidéir cliant nua leis an suíomh idirlín chun na buntáistí a bhaineann le creidiúnú ó pheirspictíocht na gcliant a thaispeáint chomh maith le foghlaim agus eolas a roinnt. |

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Mar chuid dár gclár creidiúnaithe leanúnach:** | |
| **Leanúint orainn ag dul i mbun rannpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara** | Reáchtáladh imeachtaí comhoibreacha sna réimsí seo a leanas: Meitheal idir-aireachta ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hUisce Óil Leis an Roinn Iompair ar iniúchadh an Choimisiúin ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Trealamh Muirí; Leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí maidir le creidiúnú faoi GDPR agus leis an GCC i dtaca le creidiúnú saotharlann astuithe simléir.<br><br>Reáchtáil an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) an chéad chruinniú den Ghrúpa Idir-Rannach um Chreidiúnú in 2022. Tá doiciméad Beartais Creidiúnaithe Náisiúnta á ullmhú i láthair na huaire ag an RFTF agus an INAB. Is é cuspóir an Bheartais Creidiúnaithe Náisiúnta ná a dheimhniú go mbainfear an úsáid is fearr as creidiúnú, go bhforbrófar é go mór agus go gcuirfear é chun cinn an oiread agus is féidir. Cabhróidh an Beartas Creidiúnaithe Náisiúnta seo le lucht ceaptha beartais creidiúnú a ionchorprú i gceapadh beartais agus le comhpháirtíocht agus comhoibriú straitéiseach, méadóidh sé tacaíocht agus tiomantas don chreidiúnú. |
| **Aitheantas a fháil do gach gníomhaíocht trí mheastóireacht phiara rathúil a bhaint amach i Mí na Bealtaine 2022** | Déanann piaraí Eorpacha INAB meastóireacht air gach ceithre bliana. Fuarthas meastóireacht dhearfach i Mí na Bealtaine / Mí an Mheithimh agus ba í sin an mheastóireacht ba dhéanaí. Bhí naonúr meastóirí le INAB ar feadh cúig lá, rinne beirt acu meastóireacht ó chian agus bhí an chuid eile acu ar an láthair. |
| **Dualgais idirnáisiúnta INAB a chomhlíonadh maidir le hionadaíocht ar choistí creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta** | D'fhreastail baill foirne INAB ar 23 ceann de choistí agus cruinnithe creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta. |
| **Gach freagracht reachtach a chomhlíonadh maidir lenár ról mar údarás monatóireachta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (GLP)** | Is é INAB an tÚdarás Monatóireachta Comhlíontachta reachtúil ar GLP a bhfuil freagracht ar leith air as imscrúdú agus fíorú a dhéanamh ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh 18 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Saotharlainne) 2020. Le himscrúduithe ar an láthair a dhéanamh agus le freastal ar mheithleacha GLP de chuid an AE agus de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), lean sé air ag comhlíonadh a fhreagrachtaí reachtúla. |



Tuarascáil Bhliantúil **an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** 2022

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **I mBliain 1 den Straitéis Chreidiúnaithe 2022-2026:** | |
| **Taighde agus anailís mhargaidh a choimisiúnú chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus chun tionchar a imirt air** | Seoladh Straitéis Chreidiúnaithe i Mí na Bealtaine. Leagann an straitéis amach conas mar a bhainfidh Éire gach buntáiste as an gcreidiúnú agus conas mar a imreoidh sé tionchar dearfach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Le cur chun feidhme na straitéise seo, méadófar eolas ar bhuntáistí an chreidiúnaithe agus cuirfidh an rialtas, tionscal agus tomhaltóirí muinín i dtáirgí agus seirbhísí Éireannacha dá dheasca.<br><br>Tá anailís ar na buntáistí eacnamaíochta atá ag gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta creidiúnaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí tábhachtach do thuiscint agus d'fheasacht cliant ar chreidiúnú. Mar gheall air sin, tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí na straitéise seo taighde agus anailís mhargaíochta a choimisiúnú chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus chun tionchar a imirt air. Tá an obair seo á cur chun cinn. |
| **Plean cumarsáide agus straitéis mhargaíochta a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta** | Coimisiúnaíodh plean cumarsáide a gcuirfear tús leis in R1 2023. Cabhróidh an plean le feasacht ar chreidiúnú agus rannpháirtíocht le creidiúnú a mhéadú agus cuirfidh sé luach agus buntáistí creidiúnaithe in iúl do dhaoine. |
| **Feabhsuithe a nuashonrú agus a chríochnú ar an gcóras CRM d'úsáideoirí seachtracha agus inmheánacha** | Rinneadh obair thosaigh chun fiosruithe a dhéanamh faoi fheabhsuithe a d'fhéadfadh a chur ar Chóras Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí an INAB. |
| **Tuarascáil bhliantúil a ullmhú chun dul chun cinn i gcur chun feidhme na Straitéise Creidiúnaithe a thaifeadadh** | Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil. Déanann sí cur síos ar an méid a baineadh amach agus achoimre ar an obair atá á déanamh i láthair na huaire agus ar chur chun feidhme leanúnach na straitéise sa dá mhí dhéag atá romhainn. D'fhaomh Bord INAB í i Mí na Nollag. |

# Príomhéachtaí: Clár Éifeachtachta Oibríochtúla

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **An struchtúr nua agus na modhanna nua oibre a aontaíodh orthu mar chuid den athbhreithniú eagraíochta a rinneadh in 2021 a dhaingniú, agus cumas a neartú agus a mhéadú trí úsáid a bhaint as feachtais earcaíochta spriocdhírithe agus as deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí** | I ndiaidh tionscadail deartha eagraíochta chuimsithigh ar cuireadh tús leis in 2021, cuireadh clár feidhmithe i ngníomh, a d'oibrigh i gceithre chéim éagsúla le linn na bliana agus a raibh bunú Rannóige Sláinte Ceirde mar chuid de. Rinneadh earcaíocht fhorleathan san eagraíocht trí chéile i gcaitheamh na bliana agus bhí 74 ceapachán nua mar thoradh air, fostaithe úrnua agus arduithe céime san áireamh.<br><br>Rinneamar tuilleadh cuíchóirithe ar ár nósanna imeachta earcaíochta agus ionduchtaithe agus ar ár dtacaíochtaí foghlama le deimhniú go meallfaimid agus go gcoinneoimid fostaithe chun freastal ar na riachtanais scileanna reatha atá againn anois is a bheidh againn sa todhchaí. |
| **Tús a chur le forbairt ardáin nua TCF chun ár bpríomhphróisis ghnó a bharrfheabhsú. Tabharfaidh sé seo buntáistí dúinn amhail modhanna oibre atá níos éifeachtaí, bainistíocht cásanna ceann go ceann, pleanáil oibre atá níos fearr, taithí custaiméirí fheabhsaithe, rochtain ar shonraí glana agus sonraí iomlána cruinne, agus léargais atá níos fearr** | Ionduchtaíodh comhpháirtí nua go luath in 2022 chun tús a chur le forbairt ardáin nua don Údarás chun críocha príomhphróisis ghnó a bharrfheabhsú.<br><br>Rinneadh obair dheartha agus anailíse mhionsonraithe i gcaitheamh na bliana agus cuireadh infreastruchtúr forbartha i bhfeidhm. Cuireadh tús le forbairt córais in 2022, agus cuireadh roinnt réimsí gnó i gcrích chun tástáil bheo a dhéanamh air. Tionscadal casta is ea é seo ach tabharfaidh sé roinnt mhaith buntáistí gnó dúinn agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2023 agus 2024. |





| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Straitéisí uathúla Acmhainní Daonna, Bainistíochta Sonraí, agus Cumarsáide a fhorbairt chun ailíniú le Ráiteas Straitéise 2022 - 2024, le Straitéis Chreidiúnaithe Náisiúnta 2022 - 2026 agus le sainordú agus spriocanna gnó an Údaráis, agus chun iad ar fad a chur i bhfeidhm. Ag gach ceann acu seo, tá plean gnímh le torthaí agus méadracha soiléire chun cur chun feidhme a thomhas agus a rianú** | Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin dár Straitéis Acmhainní Daonna in 2022, agus mar chuid de, forbrófar Deais Acmhainní Daonna a dheimhneoidh cinnteoireacht fhianaisebhunaithe i leith ár gcuspóirí pearsanra.<br><br>Mar chuid dár bhfeachtas chun a bheith inár n-eagraíocht fhianaisebhunaithe, chuireamar foirne bainistíochta agus anailísíochta sonraí ar bun. Chomh maith leis sin, chuireamar tús le forbairt straitéise sonraí chun fís shoiléir a chur ar fáil do bhainistíocht sonraí san eagraíocht, agus táimid ag tuar go mbeidh foinse aonair fianaise ann mar thoradh a bheidh iontaofa agus cuimsitheach agus a dhéanfaidh eolas do chinnteoireacht sa todhchaí.<br><br>Forbraíodh straitéis chumarsáide le linn 2022, a leagann amach an príomhchuspóir agus na príomhthosaíochta atá againn sna trí bliana atá le teacht, lena n-áirítear, cé a ndéanfaimid cumarsáid leo, conas a dhéanfaimid cumarsáid, agus conas a dhéanfaimid rath a mheas. |
| **Múnla oibre cumaisc a ghlacadh i gcomhlíonadh le Beartas an Rialtas, agus ag an am céanna dea-chleachtas a dheimhniú i dtaca le sláinte agus sábháilteacht, cosaint sonraí, éifeachtachtaí TCF, slándála agus oibre trí bheartais agus nósanna imeachta láidre a athbhreithniú agus a fhorbairt** | Táimid tiomanta chun deiseanna a thapú maidir le hobair sholúbtha, obair chumaisc san áireamh, chun eagraíocht atá níos dinimiciúla, níos solúbtha agus tacúla agus níos freagrúla a fhorbairt. D'fhorbraíomar, i gcomhar lenár bhfoireann, beartas oibre cumaisc a thiocfaidh leis an tsraith de bheartais cothromaíochta oibre is saoil atá againn cheana féin, leis an gCód Cleachtais maidir leis an gCeart chun Dícheangail agus cuireann sé lenár gcáil mar roghfhostóir.<br><br>Leanfaidh an beartas oibre cumaisc seo ar aghaidh ag athrú agus ag forbairt mar fhreagairt ar thionchar na modhanna nua oibre seo ar an Údarás agus ar an earnáil phoiblí trí chéile. |
| **Na saincheisteanna um chearta an duine agus um chomhionannas atá ábhartha d'fheidhmeanna an Údaráis a mheas agus plean gnímh a fhorbairt chun dul i ngleic leo** | Tá sé mar aidhm ag ár Straitéis chun dul i ngleic le nádúr síorathraitheach fhórsa saothair na hÉireann, lena n-áirítear an méadú atá tagtha ar líon na n-oibrithe leochaileacha chomh maith leis an bhfás leanúnach atá i "ngeilleagar na poistíneachta', agus na himpleachtaí atá acu seo do shláinte agus sábháilteacht oibrithe. Rinneadh obair in 2022 chun chomhthuiscint inmheánach ar gheilleagar na poistíneachta a dheimhniú, ionas go gcuirfear gníomhaíochtaí laghdaithe riosca ar fáil in earnálacha ina bhfostaítear oibrithe leochaileacha. |

| Gníomh i gClár Oibre 2022 | Bainte amach in 2022 |
|---|---|
| **Iniúchadh inrochtaineachta a dhéanamh ar sheirbhísí, lena n-áirítear iniúchadh inrochtaineachta ar ár seirbhísí digiteacha agus ar ár n-áitreabh fisiciúil** | Rinneadh iniúchadh inrochtaineachta ar an bpríomhshuíomh idirlín corparáideach (www.hsa.ie) agus cuireadh feabhsuithe inrochtaineachta i bhfeidhm bunaithe ar na torthaí. |
| **Plean Gnímh leasaithe do Chustaiméirí agus Cairt leasaithe do Chustaiméirí a fhorbairt agus a fhoilsiú** | Forbraíodh agus foilsíodh Cairt leasaithe do Chustaiméirí, agus cuireadh tús le hullmhúcháin ar Phlean Gnímh leasaithe do Chustaiméirí a dhréachtú, agus foilseofar é in 2023. |
| **Ár gcur chuige maidir le leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaistí a fheabhsú chun athléimneacht ár n-eagraíochta a mhéadú** | Fuarthas seirbhísí Sholáthraí Seirbhísí Bainistithe (MSP) TCF in 2022. Príomhchuspóir obair an MSP is ea cur chuige láidir a dheimhniú do leanúnachas gnó agus d'athshlánú ó thubaistí. |



Tuarascáil Bhliantúil **an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** 2022



# Aguisín 1:
# Sleachta ó Ráitis Airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022





# Faisnéis

## Réamhrá

I gcomhréir le ceanglais Alt 48den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ceanglaítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur i dtoll a chéile gach bliain. Tagann deireadh le bliain airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig gach bliain. Ní mór do na ráitis airgeadais a bheith i bhfoirm a cheadódh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach;
- breitheanna a thabhairt agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnaigh ach amháin i gcás nach cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú, agus
- a shonrú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád a nochtann a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith, agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Bíonn an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Ullmhaíodh Dréachtráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus bhreithnigh an Bord iad ag a chruinniú a reáchtáladh ar Aoine an 10 Márta 2022. Ullmhaíodh na Dréachtráitis Airgeadais do 2022 i gcomhréir le forálacha ábhartha FRS102 agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Bord athbhreithniú ar na Dréachtráitis Airgeadais agus d'fhaomh siad iad ar bhonn 'gan athrú ábhartha'.

Cuireann an tÚdarás na Dréachtráitis Airgeadais arna bhfaomhadh ag an mBord roimh an 31 Márta gach bliain faoi bhráid na Roinne agus faoi Bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhfuil Mazars Ireland ceaptha acu chun an t-iniúchadh seachtrach a dhéanamh. Tá an obair allamuigh iniúchta sceidealaithe le déanamh le linn R2 den bhliain seo.

Tógadh an fhaisnéis thíos ó na Dréachtráitis airgeadais agus **ní ceart** é a áireamh mar fhoinse iontaofa fianaise airgeadais i dtaca le cúrsaí airgeadais an Údaráis go dtí go dtabharfar an t-iniúchadh chun críche. San áireamh leis na Ráitis Airgeadais Iniúchta, beidh na cáipéisí thíos in éineacht le sraith iomlán nótaí mínithe:

- Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird
- Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022
- Ráiteas ar Shreafaí Airgid
- Sleachta ó na Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a bheidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích agus nuair a gheofar Tuarascáil an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste, déanfaidh an tÚdarás na socruithe cuí chun na Ráitis Airgeadais iniúchadh a chur faoi bhráid an Aire le go bhfaomhfadh sé iad le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais go foirmiúil.

Is féidir teacht ar chóip de na Ráitis Airgeadais iniúchta ar shuíomh idirlín an Údaráis i ndiaidh don iniúchadh seachtrach a bheith curtha i gcrích. Tá próiseáil idirbhearta airgeadais an Údaráis curtha amach ar conradh don chonraitheoir seachtrach (Crowley's DFK).

Leanann an tÚdarás air ag bainistiú na feidhme airgeadais agus tá na rialuithe agus cosaintí cuí curtha i bhfeidhm aige chun sláine na feidhme a chinntiú.

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Tom Coughlan (Cathaoirleach) | Athcheaptha 12/04/2020 |
| | Michelle Quinn Uasal (Leaschathaoirleach) | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | An tUasal Paul Kelly | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | An tUasal Frank Kelly | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Deirdre MacDonald Uasal | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | An tUasal Andrew Bowers | Críochnaíodh a théarma ar 19/12/2022 |
| | An tUasal David Hughes | Athcheaptha 20/12/2022 |
| | Deirdre Cullivan Uasal | Athcheaptha 12/03/2020 |
| | An tUasal Ciarán Roche | Ceaptha 11/08/2020 |
| | Bríd De Buitléar Uasal | Ceaptha 11/08/2020 |
| | Mary Coyne Uasal | Ceaptha 11/08/2020 |
| | An tUasal Stephen Curran | Athcheaptha 12/09/2020 |
| | An tUasal Padraig Somers | Ceaptha 20/12/2022 |
| **An Príomhfheidh-meannach** | An Dr Sharon McGuinness | Éirithe as 28/10/2022 |
| | An tUasal Mark Cullen (Eatramhach) | Ceaptha 1/11/2022 |
| **Ceannoifig** | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta<br>An Foirgneamh Cathrach<br>Sráid James Joyce<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 K0Y8 | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 | |
| **Cuntasóirí** | Crowleys DFK<br>Cuntasóirí Cairte<br>5 Cé an Lapaigh<br>Corcaigh<br>T12 RW7D | |
| **Iniúchóirí In-mheánacha** | Deloitte<br>Áras Deloitte & Touche<br>29 Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 AY28 | |
| **Aturnae** | Mason Hayes and Curran<br>Teach an Bhruaigh Theas<br>Sráid na Bearú<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 TR29 | |
| **Banc** | Banc na hÉireann<br>Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 Y754 | |



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar an 1 Samhain 1989 faoi réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, mar a bhí ann an uair sin. Tháinig ann tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina ionad. Tá feidhmeanna an bhoird leagtha amach in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a dheimhniú agus comhlíonann sé an fheidhm sin trí chuspóirí agus aidhmeanna straitéiseacha a chur roimhe agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhchúrsaí gnó ar fad.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a dheimhniú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach Comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gcomhlacht agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Is idirghabhálaí díreach é an Príomhfheidhmeannach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, i Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe, ina luaitear chomh maith na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. San áireamh ar na ábhair sheasta a bhreithníonn an Bord, tá:

- Dearbhú Leasanna
- Tuarascálacha ó Choistí
- Tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Ábhair fhorchoimeádta

Ceanglaíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an Údarás gach cuntas cuí agus gnásúil ar gach airgead a fuair sé is a chaith sé a choinneáil i gcíbe foirm a cheadóidh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach;
- breitheanna a thabhairt agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a shonrú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnaigh ach amháin mura mbíonn sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta chearta a choimeád a nochtann a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus cruinneas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh idirlín an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteacht trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil a dhéanamh go rialta ag cruinnithe an Údaráis.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Tá an Bord den tuairim go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2022.

# Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach, Leaschathaoirleach, 10 gnáthchomhaltaí atá ar an mBord, agus cheap an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochtaí gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Tá tréimhse ceapacháin ár gcomhaltaí reatha liostaithe thíos:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| An tUasal Tom Coughlan | Cathaoirleach | Athcheaptha 12/04/2020 |
| Michelle Quinn Uasal | Leaschathaoirleach | Athcheaptha 20/12/2022 |
| An tUasal Paul Kelly | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| An tUasal Frank Kelly | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| Deirdre MacDonald Uasal | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| An tUasal Andrew Bowers | | Críochnaíodh a théarma ar 19/12/2022 |
| An tUasal David Hughes | | Athcheaptha 20/12/2022 |
| Deirdre Cullivan Uasal | | Athcheaptha 12/03/2020 |
| An tUasal Ciarán Roche | | Ceaptha 11/08/2020 |
| Bríd De Buitléar Uasal | | Ceaptha 11/08/2020 |
| Mary Coyne Uasal | | Ceaptha 11/08/2020 |
| An tUasal Stephen Curran | | Athcheaptha 12/09/2020 |
| An tUasal Padraig Somers | | Ceaptha 20/12/2022 |

Tá ceithre (4) Choiste bunaithe ag an mbord, atá le feiceáil thíos:

1. **An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais:** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais (ARF) ná tacú leis an mBord i dtaca lena fhreagrachtaí as cúrsaí ionracais airgeadais, monatóireachta agus athbhreithnithe ar na beartais agus straitéisí airgeadais, bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais agus cúrsaí dearbhaithe a bhaineann leo. Tá an ARF neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, deimhníonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an ARF don Bhord i ndiaidh gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Ba iad baill an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais le linn 2022 ná: Deirdre Cullivan (Cathaoirleach), Mary Coyne, David Hughes agus Paul Kelly. Bhí seacht (7) gcruinniú den ARF in 2022. Reáchtáladh gach cruinniú ó chian.

2. **An Coiste Stiúrtha Straitéisigh:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh ná chun breithniú a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach an Údaráis agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh.

   Ba iad baill an Choiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2022 ná: Tom Coughlan (Cathaoirleach), Bríd De Buitléar, Stephen Curran, Paul Kelly agus Michelle Quinn. Bhí ceithre (4) chruinniú den Choiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2022.





3. **An Coiste Reachtaíochta agus Treorach:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach (L&G) ná chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe reachtaíochta agus treorach de chlár oibre an Údaráis agus chun scrúdú ar dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cóid Chleachtais agus, más gá, Treoir a ghabhann leo, agus conclúidí agus/nó moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird.

   Ba iad baill an Choiste Reachtaíochta agus Treorach le linn 2022 ná: Andrew Bowers (Cathaoirleach), Ciarán Roche, Frank Kelly, Michelle Quinn agus Deirdre MacDonald. Bhí dhá chruinniú (2) den Choiste Reachtaíochta agus Treorach le linn 2022.

4. **An Coiste INAB:** Is coiste de chuid Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Tá 12 comhalta ag bord an INAB, a dhéanann cinntí i dtaca le creidiúnú a bhronnadh, agus is é bord an Údaráis a cheapann na comhaltaí sin. Níl aon Chomhaltaí Boird ar an gCoiste seo.

## Sceideal Tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird agus Coiste do 2022 leagtha amach thíos, na táillí agus na costais a fuair gach comhalta san áireamh:

| | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais | An Coiste Stiúrtha Straitéisigh | An Coiste Reachtaíochta & Treorach | Táillí 2022 € | Costais 2022 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | **8** | **7** | **4** | **2** | | |
| An tUasal Tom Coughlan | 7 | | 4 | | 11,970 | 3,221 |
| Michelle Quinn Uasal | 6 | | 3 | 1 | 7,695 | - |
| An tUasal Paul Kelly | 7 | 7 | 4 | | 7,695 | - |
| An tUasal Frank Kelly | 7 | | | 2 | 7,695 | - |
| Deirdre MacDonald Uasal | 8 | | | 1 | 7,695 | 1,265 |
| An tUasal Andrew Bowers | 6 | | | 2 | 7,695 | 187 |
| An tUasal David Hughes | 6 | 7 | | | 7,695 | 509 |
| Deirdre Cullivan Uasal | 8 | 7 | | | 7,695 | 534 |
| An tUasal Ciaran Roche | 8 | | | 2 | 7,695 | - |
| Bríd De Buitléar Uasal | 8 | | 4 | | 7,695 | 1,063 |
| Mary Coyne Uasal | 6 | 6 | | | 7,695 | 2,066 |
| An tUasal Stephen Curran | 8 | | 4 | | - | 182 |
| An tUasal Padraig Somers | 0 | | | | - | - |
| | | | | | **88,920** | **9,027** |

Ní bhfuair an tUasal Stephen Curran táillí Boird faoin bprionsabal "Duine Aonair, Tuarastal Aonair" (OPOS) mar is oifigeach é de chuid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

## Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Andrew Bowers, Comhalta Boird - Dáta deireanach leis an mBord ná an 19 Nollaig 2022.
Padraig Somers, Comhalta Boird - An chéad lá leis an mBord ná an 20 Nollaig 2022.

An Dr. Sharon McGuinness, Príomhfheidhmeannach, d'éirigh as a post ar an 28 Deireadh Fómhair 2022.

An tUasal Mark Cullen, Leas-Phríomhfheidhmeannach, Sábháilteacht Cheirde, ceapadh é ina phríomhfheidhmeannach Eatramhach le héifeacht ón 1 Samhain 2022.

An Dr. Adrienne Duff, ceapadh ina Leas-Phríomhfheidhmeannach, Sláinte Cheirde í, le héifeacht ón 16 Bealtaine 2022.

## Nochtaí a cheanglaíonn Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú (2016)

Is é an Bord atá freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

In 2022, fuair Príomhfheidhmeannach an Údaráis, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 11 nochtadh cosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe.

Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach ó bhaill foirne an Údaráis.

Ceanglaíonn an Cód orainn na nochtaí seo a leanas a dhéanamh:

## Costais Sainchomhairleoireachta

San áireamh orthu seo, tá costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach níl feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre san áireamh.

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 81,787 | 93,926 |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | 68,836 | 61,680 |
| Sainchomhairleoireacht TF | 196,375 | 799,822 |
| Cumarsáid Sheachtrach | 66,981 | 39,360 |
| Sainchomhairleoireacht Sláinte Cheirde | 41,623 | 10,253 |
| Forbairt Straitéisí | - | 274,746 |
| Acmhainní Daonna | 171,889 | 261,135 |
| Costais Sainchomhairleoireachta san Iomlán | **627,491** | **1,540,922** |
| | | |
| Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe | - | 349,696 |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | 627,491 | 1,191,226 |
| Iomlán | **627,491** | **1,540,922** |





## Costais agus Socruithe Dlí

Tugann an tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear anseo caiteachas a gearradh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Táillí dlí - imeachtaí dlí | 60,123 | 7,597 |
| Íocaíochta comhréitigh agus eadrána | - | - |
| Socruithe | - | - |
| Iomlán | **60,123** | **7,957** |

San áireamh leis na costais dlí seo tá méid de €0 a bhaineann le cúinsí leanúnacha le gníomhaireachtaí Stáit eile.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar rangú ar chaiteachas taistil agus cothaithe ar an mbealach seo a leanas:

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Baile | | |
| - An Bord | 8,819 | 2,060 |
| - Fostóirí | 965,355 | 550,750 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - An Bord | 208 | - |
| - Fostóirí | 49,812 | 1,263 |
| Iomlán | **1,024,194** | **554,073** |

Áirítear ann caiteachas taistil agus cothaithe de €8,819 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2022 (2021: €2,060). D'íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta caiteachas taistil idirnáisiúnta agus cothaithe de €208 thar ceann na gcomhaltaí Boird in 2022 (2021: €nialas).

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 5,880 | 570 |
| Fáilteachas do Chliaint/Eile | 267 | 317 |
| Iomlán | **6,147** | **887** |

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2016 agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm le deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go substaintiúil in 2022.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## An raon freagrachta

Thar ceann comhaltaí Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Ní cinnteacht iomlán atá sa chóras ach cinnteacht réasúnach go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifead cuí déanta orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil. Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Tá bearta déanta ag an Údarás le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialála i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus beart ceartaitheach cuí a chinntiú;
- Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint; agus
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

## An Cumas chun dul i ngleic le Riosca

Tá próisis curtha ar bun ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a shainaithint, ar a n-áirítear méid agus catagóirí an riosca a mheasann sé a bheith inghlactha,
- dóchúlacht na rioscaí aitheanta a mheas,
- measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheidh ann a bhainistiú agus a mhaolú,
- measúnacht a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an sochar a bhaintear astu, agus
- obair go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an Údaráis agus tacaíocht ann do na straitéisí chun na spriocanna seo a bhaint amach.

## Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialála

D'athraigh paindéim COVID-19, a thosaigh go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte agus na bearta sábháilteachta a tháinig i bhfeidhm mar thoradh uirthi, cóid chleachtais an Údaráis go mór agus go tapa, agus d'éirigh cianobair agus obair fhíorúil ina ngnáthnós don chuid is mó de bhaill foirne an Údaráis. Lean sé ar aghaidh don chuid is mó den bhliain atá faoi chaibidil.

Tá dlúthmhonatóireacht déanta ag an Údarás ar na hathruithe agus é ag iarraidh na contúirtí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, foireann, agus páirtithe leasmhara an Údaráis a mhaolú. I measc na ngníomhartha a rinne an tÚdarás, tá:

- Samhail Ghnó mar is gnách an Údaráis (BAU) a thosú, agus oibríochtaí gnó an Údaráis a aistriú go timpeallacht chianoibre mar ar féidir leis an gcuid is mó de phróisis ghnó leanúint orthu mar is gnách.
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim COVID-19 agus ar chumas an Údaráis dul i ngleic leis na rioscaí sin go héifeachtach.
- a dheimhniú go bhfanann deighilt fhónta dualgas agus go bhfuil clúdach leordhóthanach ann i gcás nach bhfuil údaráis faofa áirithe ar fáil.
- a dheimhniú go bhfuil gach beartas agus nós imeachta cosanta sonraí agus bainistíochta taifead fós i bhfeidhm i dtimpeallacht chianoibre is go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is gnáth.





- a dheimhniú go bhfuil baill foirne ag teacht ar líonra an Údaráis le trealamh TCF faofa agus go bhfuil an trealamh riachtanach TCF ag baill foirne atá ag obair ó chian.
- Measúnú a dhéanamh ar an mbaol go lagófaí rialuithe inmheánacha mar thoradh ar COVID-19 agus bearta a dhéanamh chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha, más gá.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánach bunaithe ar chreatlach de ghnáthfhaisnéis bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear air seo go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige a chomhaontaíonn is a athbhreithníonn an Bord
- athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas,
- treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir, agus
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais gníomhach, a bhuail le chéile roinnt uaireanta le linn na bliana, a oibríonn go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca atá ar an Údarás, deimhníonn sé go bhfuil próisis bhainistíochta riosca i bhfeidhm, agus mionsonraíonn sé na róil agus na freagrachtaí atá ag baill foirne i dtaca le riosca. Déanann clár rioscaí, ina sainaithnítear príomhrioscaí don Údarás, meastóireacht ar na rioscaí is cuireann sé in ord iad de réir a ndóchúlachta agus de réir a n-iarmhairtí don Údarás, bunaithe ar mhaitrís scórála aontaithe. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú.

Is féidir linn a dhearbhú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm do na réimsí seo a leanas:

- Tuairiscíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht faoi athbhreithniú
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a dheimhniú, chun sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás, a oibríonn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúchóirí neamhspleácha leis an Údarás chun an plean iniúchta inmheánaigh a d'fhaomh a Bord a chur i bhfeidhm. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar an anailís a dhéantar ar an riosca a nochtar an tÚdarás dó, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Tacaíonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais leis an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúchóra inmheánaigh agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. San áireamh leis an tuarascáil seo, tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar oiriúnacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Déanfaidh obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais, a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, an Feidhmeannas laistigh den Údarás a bhfuil an fhreagracht air as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ráitis a dhéanann Oifig an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, déanfaidh siad eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíontacht le rialacha agus treoirlínte soláthair a dheimhniú, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeachta sin in 2022 go substaintiúil. Mar gheall ar shraith imthosca eisceachtúla agus chun leas an phobail a chaomhnú, ní raibh sé indéanta treoirlínte soláthair phoiblí a leanúint i dtaca le fiosrúchán amháin, ach rinneadh bearta riachtanacha ina dhiaidh le deimhniú gur cuireadh an Bord agus páirtithe leasmhara ar an eolas faoin imeacht a luaithe agus ab fhéidir.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar an 10 Márta 2023 le deimhniú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Chun eolas a dhéanamh dá athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, bhreathnaigh an Bord ar thuarascálacha bliantúla ón bhFeidhmeannas ar phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta, chomh maith le sraith de thuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil ar Chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú. Breathnaíodh ar na tuarascálacha seo in éineacht le tuarascáil bhliantúil ón gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus le tuarascálacha rialta ón Iniúchóir Inmheánach. Rinne na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais go luath in 2023.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha in 2022. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha atá tionscanta agus i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteacht don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Fadhbanna rialaithe inmheánaigh

Níor aimsíodh laige ar bith i dtaca le rialú inmheánach i leith 2022, a theastódh a nochtadh sna ráitis airgeadais, cé is moite den fhadhb soláthair a luadh thuas.





# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta - Deontas Oireachtais | 23,840,928 | 21,663,901 |
| Ioncam Creidiúnaithe | 3,343,688 | 3,282,647 |
| Ioncam COMAH | 130,500 | 138,950 |
| Ioncam Eile | 416,788 | 183,786 |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 5,392,865 | 3,670,091 |
| | 33,124,769 | 28,939,375 |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Tuarastal | 15,050,621 | 13,533,805 |
| Costais Sochair Scoir | 6,894,928 | 5,333,901 |
| Costais Oibríochta | 11,104,833 | 9,026,299 |
| | 33,050,382 | 27,894,005 |
| Barrachas /(Easnamh) roimh leithreasuithe | 74,387 | 1,045,370 |
| Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil | (481,213) | (170,522) |
| Barrachas /(Easnamh) i ndiaidh leithreasuithe | (406,826) | 874,848 |
| | | |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh (t/a) an 1 Eanáir | 2,024,987 | 1,150,139 |
| **Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh an 31 Nollaig** | **1,618,161** | **2,024,987** |

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | (406,826) | 874,848 |
| Gnóthachan/Caillteanas maidir le hoibleagáidí sochair | - | 2,729,000 |
| Athrú ar thoimhdí atá mar bhonn ag luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | - | 11,946,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha sa bhliain | - | 14,675,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | - | (14,675,000) |
| **(Easnamh)/Barrachas Iomlán don Bhliain** | **(406,826)** | **874,848** |



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022

# Ráiteas ar Staid Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Réadmhaoin, gléasra, & trealamh | 1,359,570 | 878,357 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Suimeanna infhaighte | 1,115,932 | 1,006,865 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 1,537,981 | 1,818,174 |
| | 2,653,913 | 2,825,039 |
| **Dliteanais reatha (méideanna atá dlite faoi cheann bliana)** | | |
| Suimeanna iníoctha | (1,035,752) | (800,052) |
| Glansócmhainní Reatha | 1,618,161 | 2,024,987 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir** | 2,977,731 | 2,903,344 |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | 159,739,822 | 154,346,957 |
| Oibleagáid sochair scoir | (159,739,822) | (154,346,957) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | **2,977,731** | **2,903,344** |
| | | |
| **Lena léirítear** | | |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | 1,618,161 | 2,024,987 |
| Cuntas Caipitil | 1,359,570 | 878,357 |
| | **1,359,570** | **878,357** |

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) oibriúchán don Bhliain | (406,826) | 874,848 |
| Dímheas | 266,123 | 192,180 |
| Aistriú (ó) / chuig Cuntas Caipitil | 481,213 | 170,522 |
| (Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 235,700 | (81,726) |
| (Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Infhaighte | (109,067) | (96,479) |
| Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 467,143 | 1,059,345 |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | 467,143 | 1,059,345 |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (747,336) | (362,702) |
| **Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid** | (280,193) | 696,643 |
| | | |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Nollaig 2021 | 1,818,174 | 1,121,531 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Nollaig 2022** | **1,537,981** | **1,818,174** |





# 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús atá leis na beartais chuntasaíochta agus chuntasaíochta suntasaí atá glactha ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach le linn na bliana seo agus le linn na bliana roimhe.

## a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 in ionad an achta seo). Tá feidhmeanna breise bronnta ar an Údarás ó shin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. Tá Ceannoifig an Údaráis san Fhoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

Tá príomhchuspóirí an Údaráis leagtha amach in Alt 34 d'Acht 2005. Is ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) atá an fhreagracht fhoriomlán as sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a riar agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht san ionad oibre agus gur féidir leis bearta forfheidhmithe (agus fiú ionchúisimh) a dhéanamh. Is é an tÚdarás an lárionad náisiúnta faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe maidir le gach gné de shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Cuireann an tÚdarás oideachas, oiliúint agus taighde chun cinn i réimse na sláinte agus na sábháilteachta chomh maith. Tá raon leathan gníomhaíochta a thagann faoi shainchumas an Údaráis, lena n-áirítear:

- sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil,
- feabhsú ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn,
- déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil is a chur chun cinn,
- feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach, agus
- feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú i gcomhréir sraith caighdeán ábhartha (ISO) 17000 Eagraíochta Idirnáisiúnta na gCaighdeán. Is é an comhlacht náisiúnta atá ag Éirinn laistigh de líonra Eorpach de chomhlachtaí creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí creidiúnaithe, comhlachtaí saotharlainne agus imscrúdaithe chun a dheimhniú go gcomhlíonann siad na caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta, rud a dhearbhaíonn go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus cumas feidhmíochta agus iad i mbun a gcuid oibre.

Bunaíodh INAB mar Choiste de chuid Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014, rinneadh Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta de INAB, agus aistríodh feidhmeanna agus foireann iomlán INAB chuig an Údarás.

Is é an tÚdarás an comhlacht a bhfuil freagracht dlí air as creidiúnú. Tarmligtear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (a dtugtar an Bord Creidiúnaithe air i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údaráis an Bord Creidiúnaithe agus is fostaithe de chuid an Údaráis iad an fhoireann a shanntar le INAB chun na feidhmeanna laethúla a chomhlíonadh.

Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail (PBE) é an tÚdarás.

## b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme don RA agus Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a fheidhmíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann iad.

## c) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar luach cóir iad faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an ghrúpa agus an Údaráis.

## d) Ioncam

**Deontais an Oireachtais**
Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe eisceacht amháin leis seo is ea cás Dheontais an Oireachtais, a aithnítear ar bhonn admhálacha airgid. Tugann Deontais an Oireachtais, a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, léiriú ar an méid a fuarthas ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) le linn na bliana faoi chaibidil.

**Ioncam INAB**
Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ioncam ar tugadh sonrasc ina leith le linn na bliana.

**Ioncam COMAH**
Ioncam ó chostais in-aisghabhála ar tugadh sonrasc ina leith as imscrúduithe agus fiosruithe a dhéanamh faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán 2015.

**Ioncam Eile**
Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé laistigh den Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## e) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhorála le haghaidh bearnú coigeartaithe. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Troscán agus Trealamh Oifige | 20% | De réir méid chothroim |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% | De réir méid chothroim |
| Trealamh Eolaíochta | 20% | De réir méid chothroim |
| Daingneáin agus Feistis | 10% | De réir méid chothroim |
| Forbairt Bogearraí | 10% | De réir méid chothroim |

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

## f) Cuntas Caipitil

Cuimsíonn an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh na ndeontas a úsáidtear chun sócmhainní seasta a chistiú.

## g) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Aistrítear ioncam agus costais de réir an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunaidh.

Déileáiltear le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadraí eachtracha agus ar shocrú suimeanna infhaighte agus iníoctha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Coinnithe.



Tuarascáil Bhliantúil **an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** 2022

## h) Suimeanna infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte ar a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## i) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin má tá méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, sa chás sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## j) Sochair fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir
Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim phinsin le sochar sainithe roimhe seo, scéim a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a chuireann an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) ar fáil agus le ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí. Oibríonn an tÚdarás Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Poiblí ("Scéim Aonair"), scéim sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íocaíodh ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin atá gnóthaithe ag fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an RFTF agus an RCPA. Aithnítear mar ioncam méid a fhreagraíonn don táille pinsin sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón RFTF.

Léiríonn na ráitis airgid, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aon mhaoiniú eile a bhaineann leo agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina ngnóthaíonn na fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

## k) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin Is dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

## l) Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí a tharla roimhe sin nuair (i) nach dóigh go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nach féidir an tsuim a mheas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann dó nuair a tharlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí éiginnte sa todhchaí nach bhfuil smacht ag an Údarás orthu. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin má tá an baol eis-sreafa fánach.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadas nuair is dóigh go mbeidh sreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

## m) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna sócmhainní agus dliteanas a thuairiscítear amhail an dáta tuairiscithe, agus ar na suimeanna ioncaim agus costas a thuairiscítear le linn na bliana. Ach, mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na torthaí iarbhír agus na suimeanna sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

Bearnú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh
Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh le haghaidh bearnaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar imthosca le fios gur féidir nach mbeifear in ann an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe don mhéid ar mó suim in-aisghabhála na sócmhainne ná a shuim ghlanluacha. Is ionann suim in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Chun críocha bearnaithe a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais ar bhain bearnú dóibh, le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus luachanna iarmharacha
Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha a ghabhann leis na haicmí sócmhainní seasta ar fad, agus go sonrach, ar shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha agus luachanna iarmharacha daingneán agus feastas, agus bhain siad de thátal as sin go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha
Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha do na hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol dó go bhfuil siad gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Bunaítear na forálacha seo ar fhaisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, coigeartaithe do na treochtaí is deireanaí nuair is gá. Ina dhiaidh sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí ar féidir nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta eile. Mar thoradh air seo agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid sochair scoir
Déantar nuashonrú bliantúil, bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha óna ndéantar amach na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochtaí na gcostas cúram sláinte).

Is féidir leis na rudaí seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeáin,

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo,

(iii) rátaí treochta do chostais cúraim sláinte, ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin ábhartha.





# 2. Deontais an Oireachtais

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Gnóthachan/Caillteanas maidir le hoibleagáidí sochair | - | 2,729,000 |
| R/FTF - Vótáil 32 - Fotheideal C5 | 24,671,000 | 22,422,000 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig R/FTF | (649,551) | (626,399) |
| Ranníocaíochtaí na Scéime Aonair a cuireadh ar aghaidh chuig R/CPA | (180,521) | (131,700) |
| | **23,840,928** | **21,663,901** |

I ndiaidh comhráite leis an Roinn, cuireadh socrú nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, trína bhfaigheann an tÚdarás maoiniú breise anois mar mhír líne scoite ina leithdháileadh Deontais Státchiste gach bliain i leith íocaíochtaí cnapshuime agus cuireann an tÚdarás gach ranníocaíocht aoisliúntais fostaithe ar aghaidh chuig an Roinn gach mí.

# 3. Ioncam Creidiúnaithe

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Ioncam Creidiúnaithe | 3,343,688 | 3,282,647 |

I ndiaidh dhíscaoileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an INAB freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe is cuireann sé sonraisc chuig cliaint as obair a dhéantar.

# 4. Ioncam COMAH

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Ioncam COMAH | 130,500 | 138,950 |

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach do ghníomhachtaí éagsúla imscrúdaithe agus fiosraithe faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2015.

# 5. Ioncam Eile

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Ioncam a bhaineann le Cúrsa Oiliúna Tiománaithe | 50,000 | 50,000 |
| Fíneálacha IECB | 9,300 | 19,700 |
| Díol Fhoilseacháin an Údaráis | - | - |
| Ioncam ECHA | 10,930 | 6,614 |
| Ilghnéitheach (Seimineáir, Costais Dlí, Finnéithe, an Coimisiún Eorpach) | 346,558 | 107,472 |
| | **416,788** | **183,786** |

Baineann ioncam fíneálacha IECB le fíneálacha a d'eisigh cigirí as reachtaíocht a shárú i dtaca le hearraí contúirteacha a iompar.

Baineann ioncam ECHA le fostú cigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

# 6. Costais Tuarastal

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 13,707,447 | 12,341,685 |
| ÁSPC Fostóra | 1,343,174 | 1,192,120 |
| Costais Iomlána Tuarastal | **15,050,621** | **13,533,805** |

## Sochair ghearrthéarmacha foirne

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 13,619,73 | 12,106,455 |
| Ragobair | 29,760 | 18,971 |
| Liúntais | 57,934 | 216,259 |
| Costais chúitimh eile | - | - |
| | 13,707,447 | 12,341,685 |

Is féidir leis an Údarás a dhearbhú nach ndearnadh aon íocaíocht foirceanta le linn na bliana 2021.



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022

## Líon Foirne

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana - Proifisiúnta/Teicniúil | 141.1 | 135.2 |
| Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana - Riarachán | 87.2 | 69.6 |
| | **228.3** | **204.8** |

Asbhaineadh tobhach pinsean de €541,639 (2021: €501,807) den fhoireann agus íocadh leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta é.

| | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 € | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021 € |
|---|---|---|
| **Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh (Príomhfheidhmeannach Eatramhach san áireamh)** | | |
| Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh | | |
| Pá Comhlán | 143,846 | 150,376 |
| Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh | | |
| Pá Comhlán | 18,846 | - |
| **Taisteal agus Cothú an Phríomhfheidhmeannaigh (T&S)** | | |
| Costais Taistil an Phríomhfheidhmeannaigh | 2,863 | 750 |
| Costais Taistil an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh | 1,242 | - |

Fuair an Príomhfheidhmeannach tuarastal €143,846 agus costais ar luach €2,863 iad in 2022.

Fuair an Príomhfheidhmeannach Eatramhach tuarastal €18,846 agus costais ar luach €1,242 iad in 2022.

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon bhónas ná peorcaisí sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhar le teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

## Miondealú ar shochair fostaithe

| Raon na sochar fostaithe iomlán | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | Go | 2022 | 2021 |
| €60,000 | - | €69,999 | 34 | 32 |
| €70,000 | - | €79,999 | 37 | 40 |
| €80,000 | - | €89,999 | 22 | 20 |
| €90,000 | - | €99,999 | 16 | 10 |
| €100,000 | - | €109,999 | 3 | 3 |
| €110,000 | - | €119,999 | 4 | 5 |
| €120,000 | - | €149,999 | 4 | 1 |
| Iomlán | | | 120 | 111 |

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca leis na seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostóra, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.





# 7. Táillí agus Costais na gComhaltaí

| Comhalta Boird | 2022 Táillí € | 2022 Costais € | 2021 Táillí € | 2021 Costais € |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Tom Coughlan (Cathaoirleach) | 11,970 | 3,221 | 11,970 | 1,665 |
| Michelle Quinn Uasal (Leaschathaoirleach) | 7,695 | - | 7,695 | - |
| An tUasal Paul Kelly | 7,695 | - | 7,695 | - |
| An tUasal Frank Kelly | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Deirdre MacDonald Uasal | 7,695 | 1,265 | 7,695 | - |
| An tUasal Andrew Bowers | 7,695 | 187 | 7,695 | - |
| An tUasal David Hughes | 7,695 | 509 | 7,695 | - |
| Deirdre Cullivan Uasal | 7,695 | 534 | 7,695 | - |
| An tUasal Ciarán Roche | 7,695 | 1,063 | 7,695 | - |
| Bríd De Buitléar Uasal | 7,695 | - | 7,695 | - |
| Mary Coyne Uasal | 7,695 | 2,066 | 7,695 | 394 |
| An tUasal Stephen Curran | - | 182 | - | - |
| An tUasal Padraig Somers | - | - | - | - |
| | 88,920 | 9,027 | 88,920 | 2,060 |

# 8. Costais Oibríochta

| | Iomlán 2022 € | Iomlán 2021 € |
|---|---|---|
| Cóiríocht | 1,634,711 | 1,570,245 |
| Costais chumarsáide | 255,202 | 282,975 |
| Taisteal agus cothú - náisiúnta | 974,174 | 552,810 |
| Taisteal agus cothú - idirnáisiúnta | 50,020 | 1,263 |
| Foilseacháin agus margaíocht | 1,417,580 | 1,108,137 |
| Seirbhísí dlí | 141,910 | 101,523 |
| Taighde | 16,346 | 40,658 |
| Seirbhísí airgeadais | 550,221 | 467,852 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 31,480 | 25,010 |
| Sainchomhairleoireacht eile | 1,088,108 | 471,790 |
| Creidiúnú - costais meastóirí seachtracha (nóta 3) | 1,022,001 | 856,360 |
| Athbhreithniú ar phróiseas gnó | 854,621 | 1,006,446 |
| Costais soláthair foirne | 1,055,829 | 798,923 |
| Soláthairtí trealamh ginearálta | 329,098 | 155,650 |
| Infheistíocht san fhoghlaim | 254,960 | 157,810 |
| Costais teicneolaíochta | 784,603 | 958,943 |
| Dímheas | 266,123 | 192,180 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 35,243 | 35,154 |
| Táillí Iniúchta Sheachtraigh | 21,200 | 19,300 |
| Táillí na mball | 120,688 | 88,920 |
| Eile | 200,715 | 132,730 |
| Drochfhiacha | 0 | 1,620 |
| | **11,104,833** | **9,026,299** |


Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca leis na seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostóra, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.





# Aguisín 2:
# Imscrúduithe, fiosruithe agus ionchúisimh

**2.1** Líon na n-imscrúduithe agus fiosruithe ar ionaid oibre 2012-2022



**2.2** Imscrúduithe agus fiosruithe de réir earnáil eacnamaíoch agus gníomh forfheidhmiúcháin 2022

| Earnáil Eacnamaíoch | Imscrúduithe & Fiosruithe | Fógra nó treoir feabhsúcháin | Fógra Toirmisc | Treoir Scríofa |
|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 1069 | 17 | 28 | 511 |
| Mianadóireacht agus cairéalú | 258 | 24 | 8 | 163 |
| Déantúsaíocht | 1448 | 42 | 14 | 1058 |
| Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin | 276 | 2 | 8 | 220 |
| Foirgníocht | 3331 | 96 | 250 | 2228 |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 1624 | 32 | 12 | 1203 |
| Iompar agus stóráil | 605 | 19 | 6 | 480 |
| Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia | 629 | 33 | 8 | 372 |
| Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta | 510 | 12 | 1 | 342 |
| Earnálacha eile | 1398 | 26 | 8 | 885 |
| **Iomlán** | **11148** | **303** | **343** | **7462** |

**2.3** SSC agus clár fiosraithe ceimiceán 2022

| | |
|---|---|
| Fiosrú ar thimpistí/tharluithe contúirteacha | 330 |
| Eile | 34 |
| **Iomlán** | **365** |

**Tábla 2.4** Toradh na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2022

| Cineál imeachta | Líon iomlán a éisteadh | Caite amach | Á n-achomharc | Pianbhreith ar fionraí | Seirbhís Pobail | An tAcht Promhaidh | Ordú Cúitimh | Fíneálacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar Díotáil | 12 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | €1,261,000 |
| Go hAchomair | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | €7,250 |
| **Iomlán** | **16** | **0** | **1** | **1** | **0** | **1** | **0** | **€1,268,250** |





**Tábla 2.5** Sonraí na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2022

**Achoimre ar Ionchúisimh**

**Sheehy Landscapes Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **20 Iúil 2022** i gCúirt Dúiche Chorcaí. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 10 Meitheamh 2021, ar an gclaífort idir Páirc Ghnó Metro agus Páirc Ghnó an Nascbhóthair Theas, Baile Uí Chuirrín, Bóthar Chionn tSáile, Contae Chorcaí, theip ar an gcúisí, fostóir, a dheimhniú go raibh bealach rochtana sábháilte isteach agus amach as an ionad oibre, is é sin le rá, ní raibh rochtain gheataithe, ná rochtain chéimnithe, agus ní raibh trealamh sábhála ó thitim curtha i bhfearas. Chomh maith leis, theip ar a bhfostóir an Ráiteas Sábháilteachta a chur i bhfoirm, modh, agus de réir mar ba chuí, teanga ar dócha le réasún go dtuigfeadh a fhostaí é. Theip air chomh maith gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh ar bhealach a dheimhneodh sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag an obair, go sonrach, struimeáil agus bearradh a dhéanamh ar an gclaífort, áit nach raibh aon chóras sábhála ó thitim/cosanta ar thitim i bhfeidhm, agus mar thoradh, d'fhulaing fostaí díobhálacha pearsanta.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €500 |
| Alt 20(3)(b) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €500 |
| Alt 8(1) agus 8(2)(c)(ii) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €750 |

**David Mulcahy Electrical Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **26 Aibreán 2022** i gCúirt Dúiche Chill Chainnigh. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 3 Nollaig 2020, ar an áitreabh ar a dtugtar "Paris Texas", 92 An tSráid Ard, Cill Chainnigh, Contae Chill Chainnigh, theip ar an gcúisí a dheimhniú nach raibh Ardán Oibre Ardaithe Soghluaiste in úsáid ag a fhostaithe i gcásanna nach ndearna duine inniúil scrúdú amháin ar a laghad ar an Ardán Oibre Ardaithe Soghluaiste le sé mhí roimhe. Theip ar an bhfostóir a dheimhniú go raibh an tArdán Oibre Ardaithe Soghluaiste sábháilte, gan riosca do shláinte, agus mar thoradh, d'fhulaing fostaí díobhálacha pearsanta.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €3,000 |
| Rialachán 52(3) contrártha d'Alt 77(9)(a) | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €2,000 |

**Ionchúiseamh Duine Aonair** Éisteadh an cás seo ar an **20 Iúil 2022** i gCúirt Dúiche Chorcaí. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 10 Meitheamh 2021, bhí an cúisí ina Stiúrthóir ar chomhlacht, ar theip air a dhualgas a chomhlíonadh a raibh sé faoina réir, is é sin le rá gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh, ar bhealach a dheimhneodh chomh fada agus a bhí infheidhme le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas duine a bhí ag obair ar chlaífort nach raibh córas sábhála ó thitim/cosanta ar thitim i bhfeidhm air agus mar thoradh, d'fhulaing duine díobhálacha pearsanta.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) agus Alt 80 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €500 |

## Ionchúisimh ar Díotáil

**Irish Cement Limited** Éisteadh an cás seo ar an **21 Eanáir 2022** i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Troim. Phléadáil an cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 17 Aibreán 2018 ag Platin Works, Plaitín, Droichead Átha, Contae Lú, theip ar an gcúisí córas sábháilte oibre a sholáthar i dtaca le haonad tarracóra agus leantóra altaigh a bhí á oibriú. Thit sé ar a thaobh agus é ag scaoileadh ualaigh anuas as i gclós stórála an Chóic Peitriliam agus mar thoradh, d'fhulaing duine (nárbh fhostaí de chuid an chúisí é) díobháil phearsanta.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 15(3) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €100,000 |
| Alt 15(3) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €75,000 |
| Alt 19(5) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €50,000 |

**Kildare Chilling Company Unlimited Company** Éisteadh an cás seo ar an **21 Eanáir 2022** i gCúirt Chuarda an Náis. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 15 Feabhra 2018 i monarcha feola i mbaile Chill Dara, Contae Chill Dara, theip ar an gcúisí, fostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh, go sonrach, oibriú forcardaitheora i ngiorracht do choisithe, ar bhealach a dheimhneodh, chomh fada agus a bhí infheidhme le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe. Theip air córas bainistithe tráchta a chur i bhfeidhm nó plean do lár chlós na monarchan a sholáthródh bealaí coisithe, pointí trasnaithe oiriúnacha, comharthaí rabhaidh sábháilteachta agus a dheimhneodh caitheamh éadaí sofheicthe. Mar thoradh, d'fhulaing fostaí díobháil phearsanta agus fuair an fostaí bás.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €400,000 |





**Shabra Recycling Limited** Éisteadh an cás seo ar an **25 Feabhra 2022** i gCúirt Chuarda an Chabháin. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 16 Deireadh Fómhair 2019 in Eastáit Tionsclaíochta Choillidh Chairn, An Bhrí, Baile na Lorgan, Contae Mhuineacháin, theip ar an gcúisí, fostóir, córas oibre, a bhí pleanáilte, eagraithe, curtha chun feidhme, coinnithe agus athchóirithe de réir mar ba chuí a chur ar fáil san ionad oibre chun burlaí ábhair dramhaíola plaistigh a chur i gceann a chéile nó chun obair ghlantacháin a dhéanamh in aice na mburlaí, agus mar thoradh, d'fhulaing fostaí díobháil phearsanta agus fuair an fostaí bás.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(e), contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €75,000 |

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** Éisteadh an cás seo ar an **27 Aibreán 2022** i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Troim. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 29 Lúnasa 2016 san Aonad Géarshíciatrach, Ospidéal Mhuire, An Uaimh, Contae na Mí, phléadáil an cúisí, fostóir, ciontach gur theip air gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh ar bhealach a dheimhneodh, chomh fada agus a bhí infheidhme le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag obair. Go sonrach, ní raibh aon mheasúnú, doiciméadú, cumarsáid, agus bainistíocht leordhóthanach déanta i dtaca leis na rioscaí a bhí ann do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe mar thoradh ar an nguais aitheanta foréigin agus ionsaitheachta a bhí ann ó othair ardriosca, agus ní raibh aon fhoireann éigeandála ann chun gníomhachtú aláram pearsanta na bhfostaithe a fhreagairt. Sa mhullach air sin, níorbh ann do gharda slándála ná doirse maighnéadacha a bhí faoi réir córas svaidhpchárta a cheadódh leithscaradh agus srianadh na n-othar ardriosca. Mar thoradh, d'fhulaing baill foirne altranais díobhálacha pearsanta.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8 (2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €10,000 |
| Alt 8 (1) agus Alt 8 (2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh |

**EES Enterprise Electrical Services Limited** Éisteadh an cás seo ar an **12 Bealtaine 2022** i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Troim. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar na dátaí idir an 5 Aibreán 2016, agus an 25 Iúil 2016, theip ar an gcúisí, a rinne dearadh do gheata, an taighde riachtanach a eagrú i dtreo riosca a chealú nó a íoslaghdú, agus mar thoradh, d'fhulaing duine díobháil phearsanta agus fuair an duine bás.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 16(3) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €20,000 |

**Ionchúiseamh Duine Aonair** Éisteadh an cás seo ar an **31 Bealtaine 2022** i gCúirt Chuarda Chill Mhantáin. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 8 Nollaig 2016, theip ar an gcúisí, bainisteoir láithreáin tógála sna Clocha Liatha nó gar dó, Contae Chill Mhantáin, socruithe a chomhordú le deimhniú go raibh an cárta deimhnithe scileanna tógála cuí ag duine chun dumpaire suímh a oibriú. Bhí teip ann chomh maith maidir le plean sláinte agus sábháilteachta na céime tógála a choigeartú nuair ba ghá chun dul chun cinn na hoibre agus athrú ar bith a tharla a chur san áireamh.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Pianbhreith |
|---|---|---|---|
| Rialachán 19(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) agus Alt 80 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013<br><br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | 18 mí príosúnachta curtha ar fionraí ina hiomlán ar feadh 12 mhí |
| Rialachán 16(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) agus Alt 80 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013<br><br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh |

**Cornacrieve Mushrooms Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **17 Meitheamh 2022** i gCúirt Chuarda Mhuineacháin. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 13 Meán Fómhair 2017 i monarcha táirgthe muisiriúin i Scairbh na gCaorach, Contae Mhuineacháin, theip ar an gcúisí, fostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh, go sonrach dul isteach i sadhlann ina raibh millíní adhmaid ar bhealach a dheimhneodh, chomh fada agus a bhí infheidhme le réasún, sábháilteacht, sláinte ag leas fostaí ag obair.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €5,000 |





**Denis Moriarty The Kerries Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **14 Deireadh Fómhair 2022** i gCúirt Chuarda Shligigh. Phléadáil an cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 12 Nollaig 2016, ar láithreán tógála ag Feirm Ghaoithe Dhoire Shalach, An Gleann, Contae Shligigh, theip ar an gcúisí, fostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh ar bhealach a dheimhneodh, chomh fada agus a bhí sé infheidhme le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag obair, go sonrach, tógáil bóthair shealadaigh a cheangail bóthar reatha le beirm. Theip ar an gcúisí measúnacht agus dearadh cuí a fháil ó innealtóir geoiteicniúil roimh thógáil an bhóthair thuasluaite i dtreo an baol sciorrtha talún móna a chur ar neamhní. Bóthar snámha ab ea an bóthar agus tógadh é i dtalamh portaigh ardriosca. Tharla sciorradh talún, agus mar thoradh, d'fhulaing duine díobháil phearsanta agus fuair an duine bás.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €220,000 |
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(e), contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh |

**Ionchúiseamh Duine Aonair** Éisteadh an cás seo ar an **20 Deireadh Fómhair 2022** i gCúirt Chuarda Loch Garman. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 6 Nollaig 2018, i bhfoirgneamh feirme i gContae Loch Garman, theip ar an gcúisí, fostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh ar bhealach a dheimhneodh sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag obair, go sonrach, feistiú leathánra nua ar dhíon an fhoirgnimh feirme. Bhí an bealach ina ndearnadh an obair baolach, níor cuireadh bealach isteach agus amach sábháilte ar fáil d'fhostaithe chuig an díon thuasluaite agus uaidh agus ní raibh aon chóras oiriúnach nó sábháilte i bhfeidhm, chun titim a chosc. Mar thoradh, thit fostaí den díon agus d'fhulaing an fostaí díobháil phearsanta.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €1,000 |

**Drumderry Aggregate Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **21 Nollaig 2022** i gCúirt Chuarda Phort Láirge. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 15 Aibreán 2019, ag áitreabh i Rath Thornáin, i Leithghlinn an Droichid, Contae Cheatharlach, theip ar an gcúisí, fostóir, gníomhaíochta oibre a bhainistiú agus a stiúradh, go sonrach feistiú leac coincréite réamhtheilgthe ar chéad urlár an áitribh thuasluaite, ar bhealach a dheimhneodh, chomh fada agus a bhí infheidhme le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag obair. Ní raibh aon chóras oiriúnach nó sábháilte i bhfeidhm chun titim a chosc nó bearta i bhfeidhm chun fostaithe a chosaint ar bhaol titime ó airde agus mar thoradh, thit fostaí den fhoirgneamh, d'fhulaing an fostaí díobháil phearsanta agus fuair sé bás.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €80,000 |

**Nationwide Crane Hire Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **7 Deireadh Fómhair 2022** i gCúirt Chuarda Luimnigh. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 29 Lúnasa 2015, i nDroichead Thuamhan, Luimneach, theip ar an gcúisí, fostóir, a dheimhniú go raibh bail shábháilte gan riosca do shláinte ar chrann tógála a bhí suite ar leoraí agus feistithe le hunlas, a sholáthair an cúisí is a bhí á oibriú aige chun críocha daoine a ardú i gcliabh thar abhainn na Sionainne chun obair a dhéanamh ar an droichead thuasluaite. Go sonrach, bhí an fheiste sábháilteachta cosanta i gcoinne rólódála ar unlas an chrainn fabhtach. Níor oibrigh sé chun an téad sreinge ar an unlas a chosaint ar rólódáil agus mar thoradh, d'fhulaing beirt díobháil phearsanta agus fuair siad bás.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáil chiontach | €200,000 |

**Palfinger Ireland Limited**

Éisteadh an cás seo ar an **7 Deireadh Fómhair 2022** i gCúirt Chuarda Luimnigh. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar nó thart ar an 12 Márta 2003, d'iompórtáil agus sholáthair an cúisí earra le húsáid ag obair, is é sin le rá, Crann Tógála Palfinger, a bhí feistithe le hunlas, agus theip air na bearta riachtanacha dhéanamh le deimhniú gur tugadh faisnéis leordhóthanach faoin úsáid dár dearadh an crann nó dár tástáladh an crann nó faoi choinníollacha i dtaca leis an gcrann don duine ar sholáthair sé an crann agus an t-unlas dó. Go sonrach, theip ar an gcúisí aon fhaisnéis oiriúnach a sholáthar mar gheall ar conas tástáil fheidhmiúil a dhéanamh ar an gcóras cosanta ar rólódáil ar unlas an chrainn.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 10(1)(b) contrártha d'Alt 48(1)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 | Pléadáil chiontach | €25,000* |

Tabhair do d'aire: Leibhéal na fíneála á achomharc ar fhoras trócaire míchuí.





# Aguisín 3:
# Ionadaíocht AE agus idirnáisiúnta 2022

Mar an tÚdarás Inniúil agus an ceannasaí náisiúnta ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteacht ceirde, ceimiceán, agus faireachais margaidh, ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i roinnt coistí AE agus Idirnáisiúnta agus i meithleacha le linn 2022. Mar Údarás Inniúil do REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus CLP (aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán) ghlac an tÚdarás páirt i raon leathan cruinnithe AE. Ghlac INAB páirt i gcruinnithe AE agus idirnáisiúnta chomh maith agus rinne sé ionadaíocht ar Éirinn iontu.

Chuir an tÚdarás seasamh na hÉireann in iúl go héifeachtach chun tionchar a imirt ar thoradh chun go rachadh sé chun sochair na hÉireann nó nach rachadh sé chun dochair di. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás ionchuir theicniúla, eolaíochtúla agus bheartais ar fáil ag an leibhéal AE agus idirnáisiúnta, faoi mar a d'iarr an tAire agus an RFTF orainn.

Ní liosta cuimsitheach an liosta thíos de na príomhchruinnithe ar fhreastail an tÚdarás orthu in 2022.

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - SSC | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte (Grúpa Sainleasa an Rialtais san Áireamh) | 5 |
| Meitheal ACSH ar Ionaid Oibre | 2 |
| Meitheal ACSH ar Threalamh Scáileán Taispeána | 3 |
| Meitheal ACSH ar Phaindéim - Ullmhacht i gCás Éigeandála | 4 |
| Meitheal ACSH - Sceideal na nGalar Ceirde | 3 |
| Meitheal ACSH - Ceistneoir ar Fheidhmiú Praiticiúil | 5 |
| Bord Bainistíochta EU-OSHA (Grúpa Sainleasa an Rialtais agus cruinnithe Bord Feidhmiúcháin san áireamh) | 11 |
| Líonra Lárionad EU-OSHA | 6 |
| Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) | 2 |
| Coiste Comhairleach Parlaiminteach ar Shábháilteacht Iompair – an Fóram Sábháilteachta ar Bhóithre a bhaineann leis an Obair | 1 |
| Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair - Meitheal Ceimiceán | 12 |
| Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair - Meitheal Bitheolaíochta | 6 |
| Buan-Mheitheal an Aontais Eorpaigh um Thionscail Eastóscacha | 2 |
| **Iomlán** | **62** |

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - Ceimiceáin | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Straitéis Ceimiceán um Inbhuanaitheacht an CHOIMISIÚIN | 8 |
| Coiste Airteagal 133 REACH | 6 |
| CARACAL Údarás Inniúil agus Foghrúpaí ar REACH agus CLP | 8 |
| Coiste um Measúnú Riosca (CMR) ECHA | 12 |
| Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) ECHA | 4 |
| Coiste na mBallstát (MSC) ECHA | 4 |
| Fóram ECHA ar Fhorfheidhmiú Rialacháin REACH, CLP agus Rotterdam | 16 |
| Sainghrúpa ECHA um Shuaiteoirí Inchríneacha | 2 |
| Grúpa Stiúrtha HelpNet ECHA le haghaidh Dheasca Cabhrach na mBallstát agus foghrúpa agus ceardlann | 8 |
| Meitheal um Ghlantaigh | 2 |
| Coiste an Údaráis Náisiúnta Ainmnithe le haghaidh Rialachán Rotterdam | 1 |
| ECHA – RiME+: Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca (Ceimiceáin) | 4 |
| ECHA – Grúpa Úsáideoirí TF GMSC | 2 |
| Coiste Seveso an AE d'Údaráis Inniúla | 2 |
| Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist ("Sainghrúpa Seveso") | 1 |
| Ceardlann Chomhchláir Chuairte Cheachtartha an AE | 2 |
| Líonra Oifigigh Shlándála TF REACH | 1 |
| Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) | 1 |
| Coiste an AE um Iompar Earraí Contúirteacha | 1 |
| Sainghrúpa an AE um Iompar Earraí Contúirteacha | 2 |
| Imscrúduithe Seveso - Meitheal Théamach 2 (TWG2) | 1 |
| **Iomlán** | **88** |





| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - táirgí tionsclaíocha agus faireachas margaidh | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Grúpa Comhair Riaracháin an AE maidir le Brú-Threalamh Iniompartha | 1 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le hInnealra | 2 |
| Coistí Comhairleacha an Aontais Eorpaigh um Brú-Threalamh | 1 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le hArdaitheoirí | 1 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta | 1 |
| Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le ATEX (atmaisféir inphléasctha) | 2 |
| An Coiste Comhairleach ar an Rialachán maidir le Fearais Gháis | 2 |
| Meitheal an AE um an Treoir maidir le hInnealra | 1 |
| Comhchuibhiú Teicniúil (Rialáil Innealra) | 5 |
| Faireachas Margaidh – Líonra an Aontais Eorpaigh um Chomhlíontacht Táirgí | 1 |
| Grúpa Comhair Riaracháin maidir le Brú-Threalamh Iniompartha | 1 |
| Meitheal um Fheithiclí Leictreacha | 6 |
| Meitheal Idirnáisiúnta um Iompar Dramhaíola Guaisí | 3 |
| Tascghrúpa um Innealra Talmhaíochta | 1 |
| Gníomhaíocht Chomhpháirteach an AE um Tháirgí Tionsclaíocha | 2 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - Coiste Teicniúil um Róbait, Róbait Chomhoibritheacha, agus Róbataic | 1 |
| **Iomlán** | **31** |

| Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - Creidiúnú | Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha Chomhar na hEorpa um Chreidiúnú [Saotharlann, Imscrúdú, Comhchuibhiú, Deimhniú, Comhaontú Iltaobhach, Comhthionól] | 15 |
| Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne [Saotharlann, Imscrúdú, Comhthionól] | 6 |
| Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin [Deimhniú, Comhthionól] | 2 |
| Coistí agus meithleacha an Choimisiúin Eorpaigh agus an ECFE ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (GLP) | 2 |
| **Iomlán** | **25** |

# Aguisín 4: Reachtaíocht agus treoir a tugadh chun críche in 2022

**Reachtaíocht**

IR Uimh 325 de 2022 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Cosanta Pearsanta) (Leasú) 2022

IR Uimh 324 de 2022 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Brú-threalamh) (Leasú) 2022

IR Uimh 323 de 2022 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ardaitheoirí agus Comhpháirteanna Sábháilteachta d'Ardaitheoirí) (Leasú) 2022

IR Uimh 322 de 2022 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh agus Córais Chosanta lena n-úsáid in Atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach) (Leasú) 2022

**Treoir**

| Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde |
|---|
| Bileog Eolais de chuid na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht sa Tógáil (CSP) ar Shilice d'Fhostaithe - Priontáilte |
| Bileog Eolais de chuid an CSP ar Shilice d'Fhostaithe - Suíomh Idirlín |
| Póstaer Silice (méid A3) de chuid CSP d'Fhostaithe |
| Athbhreithniú an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar Ghortuithe, Tinnis agus Básanna san Ionad Oibre 2022 |
| Éadaí Sofheicthe le húsáid i bhfoisceacht Feithiclí atá ag gluaiseacht |
| Sláinte agus Folláine na bhFeirmeoirí |
| Treoir maidir le húsáid shábháilte sábh slabhracha |
| Teimpléad Idirghníomhach Ráiteas Modha Measúnachta Riosca (RAMS) |
| Doiciméad Treorach Ráiteas Modha Measúnachta Riosca (RAMS) |
| Plean Gnímh um Shábháilteacht Tógála 2022 - 2024 |
| Obair Shábháilte le Sceitheadh ó Innill Díosail - Bileog eolais |
| Deannach Silice Criostalta - Bileog eolais |
| Adhmadóireacht - Bileog eolais |
| Cásanna Staidéir faoi Mheasúnachtaí Riosca ar Ghníomhaithe Ceimiceacha |
| Fógraí Aispeiste |
| Faireachas Sláinte |
| Ceithre chúrsa ríomhfhoghlama do náisiúnaigh Úcránacha atá ag obair in Éirinn |

| Faireachas Margaidh agus Ceimiceáin |
|---|
| Bileog Eolais ar Ola Téite Tithe |
| Dualgais Miondíoltóirí agus Táirgí Ceimiceacha á ndíol acu |
| Treoir maidir le Comhairle Pleanála Úsáide Talún Teicniúla |
| Treoir mhearthagartha IECB |
| Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2021 |





# Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil 2022 chuig an Aire ar oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá dtagraítear 'an tÚdarás' anseo) mar phríomhúdarás náisiúnta faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008. Forálann an tAcht Ceimiceán 2008, arna leasú, do riar agus forfheidhmiú náisiúnta Rialachán REACH, Rialachán na nGlantach, Rialachán Rotterdam (toiliú feasach le cur in iúl roimh ré) agus Rialachán CLP. Amhail an 1 Meitheamh 2015, tagann na Rialacháin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist (COMAH) (SEVESO III) faoi raon feidhme na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 ach níl siad faoi réir na tuarascála bliantúla seo. Tá oibleagáidí riaracháin agus/nó forfheidhmithe ag cúig údarás náisiúnta faoi na hAchtanna Ceimiceán, is iad sin ná, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Bord Ospidéal Beaumont; Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim; agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

Ceanglaíonn Alt 8(4) d'Acht 2008 ar údarás náisiúnta (seachas an tÚdarás) a) socruithe leordhóthanacha a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi na forálacha reachtúla iomchuí; b) taifid iomchuí a choinneáil agus c) tuarascáil a chur chuig an Údarás laistigh de dhá mhí i ndiaidh dheireadh gach bliain. Beidh faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás nó a bheidh ag teastáil uaidh ina leithéid de thuarascáil. Chun a dhualgais reachtúla faoin Acht a chomhlíonadh, d'iarr an tÚdarás ar gach údarás náisiúnta thuasluaite tuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí le linn 2021 faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010. Seo mar a leanas na sonraí do gach Údarás Inniúil:

## 1. Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Feidhmíonn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) - Údarás Monatóireachta GLP, mar an t-údarás inniúil náisiúnta chun críocha Airteagail 8(2) (3) den Treoir um Ghlantaigh (CE) Uimh 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 um ghlantaigh agus chun na gcríoch sin amháin. Le linn 2022, ní raibh aon saoráid GLP i gclár monatóireachta INAB a bhí ag déanamh oibre i dtaca le Rialachán na nGlantach. Ghlac INAB páirt i gCoiste Bliantúil GLP de chuid ECFE agus i Meitheal Choimisiún na hEorpa ar GLP.

## 2. Bord Ospidéal Beaumont

Is é Ospidéal Beaumont an comhlacht ceaptha atá freagrach as faisnéis a fháil i dtaca le freagairt sláinte éigeandála, de réir Airteagal 45 de Rialachán CLP, agus as bileoga sonraí comhábhar a fháil faoi mar a cheanglaíonn Airteagal 9(3) de Rialachán na nGlantach agus tá an Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Nimheanna (NPIC) ainmnithe aige chun na feidhmeanna seo a chomhlíonadh.

Le linn 2022, bhí 729 fiosrúchán faoi tháirgí glantaigh. Bhain an chuid is mó de na fiosrúcháin seo le Rialachán CLP ar nós imeachta fógartha an NPIC agus le húsáid uimhir an NPIC ar bhileoga sonraí sábháilteachta. Rinneadh 544 aighniú táirge faoi Airteagal 45 go díreach don NPIC agus 237,504 trí thairseach Fógraí Rialaithe Nimheanna (PCN). Bhí rabhaidh ag 167,758 ceann de na fógraí a rinneadh trí thairseach PCN .i. níor chomhlíon siad na rialacha gnó.

Tugadh chun críche 870 measúnú deisce ar tháirgí. Mar shampla, measúnú comhdhéanta iomláin, measúnuithe pH, measúnuithe MIMS (Innéacs Míosúil ar Speisialtachtaí Leighis in Éirinn), faisnéis teagmhála, agus measúnú ar Aitheantóirí Foirmle Uathúla (UFI) a bheith ann. Dhéileáil an NPIC le roinnt fiosrúchán éigeandála a bhain le táirgí nach raibh fógartha dóibh. Nuair ab fhéidir, chuaigh siad i dteagmháil leis an gcomhlacht a bhí freagrach chun an fhaisnéis a bhí ag teastáil a fháil (timpeall 10 gcás). Cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi roinnt de na teagmhais seo.

D'fhreagair an NPIC fiosrúcháin éigeandála faoi 1,188 táirge glantaigh. Ba iad na táirgí glantaigh ba mhó a bhí i gceist sna cásanna sin ná táirgí glantacháin fabraice (saicíní/capsúil glantaigh leachtaigh go háirithe), glantóirí ginearálta, táirgí miasniteora, tuar, glantóirí/úraitheoirí leithris agus leacht níocháin. D'fhreagair an NPIC 1,633 fiosrúchán éigeandála faoi mheascáin cheimiceáin, gan glantaigh san áireamh. Tháinig laghdú ar líon na bhfiosrúchán i leith díghalarán lámh agus táirgí antaiseipteáin/díghalráin i gcomparáid le 2021, ach bhí siad fós níos airde ná mar a bhí in 2019 (roimh phaindéim COVID), glaonna faoi dhíghalrán lámh ach go háirithe. Chuir an NPIC 44 comhlacht a bhí ag cur faisnéise ar dhíghalráin lámh isteach ar an eolas faoin dualgas atá orthu táirgí bithicíde a chlárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Déanfar monatóireacht níos dlúithe ar an ualach oibre seo sa todhchaí.

Ag an leibhéal Eorpach, ghlac an NPIC páirt in dhá chruinniú páirtithe leasmhara PCN ECHA. Ag an leibhéal Náisiúnta, shínigh Ospidéal Beaumont Meabhrán Tuisceana leis an Údarás i Mí an Mheithimh 2022.

Ní oibríonn foireann NPIC ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na hAchtanna Ceimiceán amháin, is caithfear tosaíocht a thabhairt do bhainistiú agus d'oibriú línte teileafóin na seirbhíse faisnéise nimheanna. Níl aon fhoireann bhreise faighte ag an NPIC do ghníomhaíochtaí an Achta Ceimiceán. Tá titim tagtha ar líon na meascán a fógraíodh go díreach don NPIC ach tá an fhoireann fós ag fáil líon suntasach fiosrúchán ó thionscal, go príomha faoin nós imeachta maidir le meascáin ghuaiseacha a fhógairt agus úsáid uimhir theileafóin an NPIC ar bhileoga sonraí sábháilteachta.

Rinneadh an chuid is mó de na fógraí táirgí in 2022 trí thairseach an ECHA. Ach, tá córas fós ag NPIC ar féidir meascáin le haghaidh úsáid thionsclaíoch a fhógairt go díreach, is beidh go dtí Eanáir 2025, agus rinneamar iniúchadh ar 471 de na fógraí díreacha seo le linn 2022. Rinne NPIC iniúchadh chomh maith ar 399 fógra táirgí a aighníodh trí thairseach PCN in 2022 (0.2% den líon iomlán fógraí). Is ábhar buartha é go raibh rabhaidh ag 70.6% de na fógraí a aighníodh tríd an tairseach ach níl ár ndóthain acmhainní againn chun athbhreithniú a dhéanamh orthu agus obair leantach a dhéanamh le lucht a n-aighnithe chun an t-eolas atá ar an mbunachar a fheabhsú.

Mar thoradh ar theagmháil idir an NPIC agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2021, chuaigh an tÚdarás i mbun feachtais forfheidhmithe spriocdhírithe chun táirgí idirleatóra giolcaí cumhraithe a bhí á ndíol leis an bpobal i gcoitinne a imscrúdú, agus i ndiaidh an fheachtais, d'eisigh an NPIC agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta preasráitis comhpháirteacha ar idirleatóirí giolcaí i Mí Mheán Fómhair 2022. Glacadh le comhfhiontair ar chuir i láthair póstaeir do Chomhdháil Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar in Ospidéal Beaumont in Mí na Samhna 2022 agus i gComhdháil Chumann Eorpach na Lárionad Nimheanna agus na dTocsaineolaithe Cliniciúla i Mí na Bealtaine 2023.

In 2022, chuir an NPIC sonraí ar fáil don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar fhiosrúcháin a bhain le táibléid mhiasniteora, teitrihidreafúrán, íogróirí craicinn agus 1,2-déocsalán. Scríobh an NPIC ailt do nuachtlitir agus ríomhfheasacháin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i dtaca leis an nós imeachta nua atá ann chun meascáin le haghaidh úsáid thionsclaíoch a fhógairt, rudaí a dtabharfar éifeacht dóibh ó 1 Eanáir 2024.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2022: Oifigeach Riaracháin 0.8 Coibhéis Lánaimseartha (FTE) agus Oifigeach/Bainisteoir Faisnéise Nimheanna 0.7 FTE. In ainneoin nár oibrigh aon bhall foirne NPIC go lánaimseartha ar na freagraíochtaí faoi Rialachán CLP (CE) Uimh 1272/2008 agus an Treoir maidir le Glantaigh (CE) Uimh 648/2004, tá seisear oifigeach faisnéise nimheanna ag an NPIC agus tá baint acu ar fad le faisnéis a sholáthar chun freastal ar éileamh leighis le linn éigeandála. Tugann an Stiúrthóir Cliniciúil comhairle bhreise ar chásanna tromchúiseacha nó casta. Tá Oifigeach Riaracháin amháin san NPIC a chaitheann an chuid is mó dá gcuid ama ag déileáil le haighnithe táirgí agus le fiosrúcháin ó thionscal. Cabhraíonn Oifigeach Faisnéise Nimheanna amháin le fiosrúcháin agus déanann siad iniúchadh ar líon beag fógraí gach mí. Bheadh foireann bhreise ag teastáil ón NPIC chun líon níos mó aighnithe a iniúchadh. Is eolaithe iad na hoifigigh faisnéise nimheanna (BSc nó MSc) agus tá cáilíochtaí iarchéime ag an gcuid is mó acu i dtocsaineolaíocht chliniciúil. Is Ainéistéiseolaí Cliniciúil é an Stiúrthóir Cliniciúil. Ní raibh aon athrú ar acmhainní ó 2021.





## 3. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) a fhorfheidhmíonn ceanglais Rialacháin REACH agus CLP faoin reachtaíocht earnáilshonrach do Tháirge Cosanta Plandaí (PPP) agus Rialacháin Bithicíde. Deimhnítear go bhfuil lipéid táirge ag cloí le CLP sula bhfaomhtar iad.

Ag an leibhéal Náisiúnta, d'fhreastail an RTBM ar chruinniú fíorúil amháin den Ghrúpa Idir-Rannach/Gníomhaireachta agus chuaigh sí i mbun cumarsáide le húdaráis náisiúnta de réir mar a bhí sé ag teastáil i rith na bliana. D'fhreagair an RTBM naoi bhfiosrú ar tharchuir an tÚdarás chuici a bhain le TCP agus táirgí bithicídeacha. Sa bhreis air sin, d'fhreagair an RTBM fiosrúcháin agus sheiceáil fógraí iompórtálaithe ar ePIC. Chuir an RTBM formheas ar fáil d'easpórtáil substaintí nach dteastaíonn Toiliú Feasach Roimh Ré uathu (substaintí Neamh-PIC), a úsáideann na cóid chéanna CN (fógraí sáraithe) is a úsáideann substaintí atá liostaithe in Aguisíní PIC.

Ag leibhéal an AE, ghlac an RTBM páirt i bPainéal Saineolaithe Grúpa Úsáideoirí IUCLID amháin de chuid an ECDF, i gceithre mheitheal tocsaineolaíochta, agus i gceithre mheitheal timpeallachta, agus ba chruinnithe fíorúla gach ceann díobh. D'fhreastail RTBM ar thrí chruinniú de chuid an tSainghrúpa um Shuaiteoirí Inchríneacha le linn 2022.

Faoi CLP, bhí ionadaíocht ag an RTBM ar chruinnithe an Choiste um Measúnú Riosca (CMR), d'fhreastail sí ar cheithre chruinniú, agus d'fhreastail sí ar thrí cheardlann faoi Aicmiú agus Lipéadú Comhchuibhithe le linn 2022.

Faoi Rialachán Rotterdam (PIC), d'fhreastail an RTBM ar chruinniú amháin de chuid údarás náisiúnta ainmnithe (ÚNA) eile PIC in 2022 is chuir sí tráchtanna scríofa ar fáil dó.

Aontaíodh agus síníodh meabhrán tuisceana (MoU) idir RTBM agus an tÚdarás i dtaca le cur chun feidhme agus forfheidhmiú Rialacháin REACH agus CLP in 2018, faoi mar atá leagtha amach faoin Acht Ceimiceán agus tá sé fós in úsáid in 2022.

## 4. Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-údarás náisiúnta ainmnithe (ÚNA) faoi Airteagal 17 de Rialachán Rotterdam (PIC). Tá Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as rialú easpórtáil agus iompórtáil na gceimiceán guaiseach a liostaítear i Rialachán Rotterdam. Chuige seo, tá próifílí leabaithe isteach i gcórais imréitigh Custam don Phróiseáil Iontrála Uathoibrithe (AEP) de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Chuir na Coimisinéirí (trína Choiste Comhairleach Custam) an lucht gnó ar an eolas faoi na riachtanais maidir le dearbhú easpórtálacha agus le hUimhir Thagartha Shainaitheantais (RINS) d'easpórtáil ceimiceán atá clúdaithe ag Rialachán Rotterdam. Is féidir leis an bpobal teacht ar leagan páirtfholaithe den lámhleabhar foirne Custam trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie).

Lámhleabhar Cánach agus Dleachta ar Easpórtáil Ceimiceán Contúirteach: Leagtar amach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith faisnéis ghinearálta maidir le hearraí coiscthe/srianta, ar a n-áirítear faisnéis i leith easpórtáil ábhar ceimiceach contúirteach faoi Rialachán Rotterdam.

Leis na gníomhaíochtaí Custam a áirítear faoin Rialachán seo, tá próifíliú ceimiceán guaiseach áirithe ar an gCóras (AEP) agus bailíochtú RINanna leis an bhfoireann Chustam nuair is ábhartha. Le linn 2022, rinneadh monatóireacht ar 25 easpórtáil faoi thoiliú feasach roimh ré (PIC).

Le linn 2022, d'fhreastail Lucht Custam ar cheardlann ECHA i dtreo REACH a fhorfheidhmiú agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal níos airde.

Glacann na Coimisinéirí Ioncaim páirt i gcruinniú an Ghrúpa Idir-rannaigh Ceimiceán faoin RFTF. Ach bhí a rannpháirtíocht in 2022 teoranta mar gheall ar dhualgais eile.

Críochnaíodh Meabhrán Tuisceana (MoU) idir na Coimisinéirí, an tÚdarás, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus shínigh na Coimisinéirí Ioncaim é i Mí na Samhna 2022. Tá Comhaontú Comhroinnte Sonraí ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an dá ghníomhaireacht i dtaca le malartú faisnéise faoi Rialachán Rotterdam, is tá siad ag tabhairt dá n-aire go bhfuil sé le dlite chun a athnuachana.

## 5. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

Le linn 2022, ghlac an GCC páirt i dtionscadal forfheidhmithe REACH (REF 10) ar rialuithe comhtháite ceimiceán i gcomhpháirt leis an Údarás, is rinneadh 50 imscrúdú ar mhiondíoltóirí, oibreoirí ríomhthráchtála san áireamh, a raibh tástáil chomhlíontachta ar 56 earra iompórtálaithe le haghaidh substaintí srianta i gcomhpháirteanna (earraí) aclaíochta mar chuid de. Fuarthas gur sháraigh naoi gcinn de na hearraí seo Aguisín XVII REACH ó thaobh shláinte an duine de, agus aistríodh na comhaid cásanna go dtí an tÚdarás chun iarobair a dhéanamh orthu agus tá comhoibriú eadrainn fós ar siúl.

Le linn 2022, chríochnaigh an EPA dhá fhiosrúchán sheachtrach ar Rialachán REACH, i dtaca le clárú substaintí áirithe agus tá leathanaigh idirlín tiomnaithe mar gheall orthu ar fáil ar REACH.

Níor reáchtáladh aon imeacht do pháirtithe leasmhara seachtracha le linn 2022.

Chláraigh beirt chigirí ón GCC chun tairseach shlán TF Interact a úsáid le linn 2022.

Ag an leibhéal Eorpach, ghlac an GCC páirt i dtrí sheisiún ECHA. Bhain ceann amháin acu le srianadh gráin luaidhe in aice le bogach, agus dhá cheann acu le srian molta ar mhionphlaistigh.

Ag an leibhéal náisiúnta, ghlac baill foirne de chuid an EPA páirt i gcruinniú amháin Ghrúpa Stiúrthóirí Idir-rannaigh ar Bheartas Ceimice agus i gcruinniú amháin de chuid an Fhóraim Faireachais Margaidh Náisiúnta. Oibríonn an GCC Meabhrán Tuisceana leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Le linn 2022, críochnaíodh MT nuashonraithe idir an GCC agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh séala leis.

Is iad na hacmhainní de chuid an GCC a úsáideadh chun críocha Rialachán REACH ná thart ar 0.47 FTE, laghdú beag ar leibhéal 2021 de 0.5 FTE. Bhí méadú an-bheag ar an leithdháileadh faoi Rialachán na nGlantach mar thoradh ar athbhreithniú ar dhréachtreachtaíocht intíre.

Tá údarás forfheidhmithe ag cúigear cigirí faoi Alt 11 d'Acht na gCeimiceán agus tá ball foirne amháin de chuid an GCC bainteach le gníomhaíochtaí Rialachán REACH agus Rialachán na nGlantach ar bhonn páirtaimseartha.

Tá plean ceimiceán inmheánach tras-oifige forbartha ag an GCC chun cabhrú le craobhscaoileadh faisnéise ábhartha agus le hailíniú gníomhaíochtaí gaolmhara sa Ghníomhaireacht trí chéile. I measc rudaí eile, leagann an plean amach conas a chomhoibreoidh an EPA le heagraíochtaí eile chun a chúraim i dtaca leis an reachtaíocht cheimiceán seo a chomhlíonadh.





# Nótaí

# Nótaí



# Ár bhfís:
## Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
**Fón: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**

Uimh. Pháirte an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.
HSA0513

ISBN 978-1-84496-287-7